An Bord Náisiúnta Staidrimh
National Statistics Board

# Faisnéis Ardcháilíochta do Chách – Baineann Tábhacht le hUimhreacha

–

## An Bord Náisiúnta Staidrimh

Tosaíochtaí Straitéiseacha i leith an Staidrimh Oifigiúil

–

2021 – 2026



© Cóipcheart Rialtas na hÉireann 2021

Tá atáirgeadh údaraithe, faoi réir aitheantas a thabhairt don fhoinse.
**Tá tuileadh eolais ar fáil ag:** http://www.cso.ie/en/baile/eolasfuinn/beartascoipchirt/

ISSN: 2737–7725

Bealtaine 2021

# Clár na nÁbhar


**Réamhrá ón gCathaoirleach** **5**

**Fís, Luachanna agus Spriocanna an Bhoird Náisiúnta Staidrimh i leith Chóras Staidrimh na hÉireann** **6**

**Conclúidí agus Moltaí an Bhoird 2021–2026** **7**

**An Bord Náisiúnta Staidrimh** **13**

An Ról atá Againne 14

Ár gComhaltaí 15

Próiseas Comhairliúcháin an Bhoird maidir leis an Straitéis 15

**An Staidreamh Oifigiúil agus Córas Staidrimh na hÉireann** **17**

Tábhacht an Staidrimh Oifigiúil 18

Córas Staidrimh na hÉireann 19

Na Dúshláin a bhaineann leis an Staidreamh Oifigiúil 20

**Príomhthéamaí i leith an Staidrimh Oifigiúil in Éirinn** **23**

Comhshaol agus Aeráid 24

Geilleagar agus Gnó 25

An Margadh Saothair, Cáilíocht na Fostaíochta agus Todhchaí na hOibre 26

Folláine agus Comhtháthú Sóisialta 27

Sláinte agus Cúram Sóisialta 28

**Dul i ngleic leis na Dúshláin** **31**

Rialachas Sonraí 32

Foinsí Sonraí 34

Riachtanais Úsáideoirí 42

Cáilíocht Sonraí 46

Saineolas 47

Maoirseacht Sonraí 50

**Aguisíní** **53**

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| AE | An tAontas Eorpach |
| API | Comhéadan Feidhmchláir |
| BBS | An Bord um Bainistiú na Státseirbhíse |
| BSN | Bonneagar Sonraí Náisiúnta |
| CEP | Comhlacht earnála poiblí |
| CSE | An Córas Staidrimh Eorpach |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| ESCoP | Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh |
| ESGAB | An Bord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach |
| ESP | Eagraíocht Sláinte Pobail |
| FBManna | Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GCC | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| IDS-TILDA | Forlíonadh um Míchumas Intleachtúil i ndáil le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois |
| IEMAG | Grúpa Comhairleach na hÉireann um Shamhaltú Eipidéimeolaíoch |
| IGEES | Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann |
| NA | Na Náisiúin Aontaithe |
| NISRA | Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann |
| NPHET | An Fhoireann Éigeandála Náisiúnta Sláinte Poiblí |
| OECD | An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta |
| OIN* | Ollioncam Modhnaithe Náisiúnta |
| OTI | Olltáirgeacht Intíre |
| OTN | Olltáirgeacht Náisiúnta |
| RCAC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| ROS | Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim |
| RSCNS | Rochtain, Stóráil, Comhroinnt agus Nascadh Sonraí |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann |
| SUSI | Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn |
| TFC | Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide |
| TILDA | Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois |
| UPSP | Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí |

# Réamhrá ón gCathaoirleach



Tá an-áthas orm réamhrá a chur le straitéis an Bhoird Staidrimh Náisiúnta ('an Bord'), lena gclúdaítear an tréimhse idir 2021 agus 2026. Bunaíodh an Bord ar bhonn reachtúil faoin Acht Staidrimh, 1993. Is é an ról atá againn treo straitéiseach na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) a stiúradh agus tosaíochtaí a bhunú maidir le forbairt an staidrimh oifigiúil in Éirinn.

D'fhorbair an Bord an straitéis seo i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara agus táimid buíoch as an rannpháirtíocht a bhí acu linn.

Leis an straitéis seo, 'Faisnéis Ardcháilíochta do Chách – Baineann Tábhacht le hUimhreacha', táthar ag tógáil ar straitéisí an Bhoird roimhe seo agus ar na héachtaí nach beag a rinne an Oifig i dteannta le Córas Staidrimh na hÉireann go dtí seo, go háirithe tráth seo na ndúshlán. Leagaimid béim sa straitéis seo ar an tábhacht a bhaineann leis, maidir leis an Oifig agus Córas Staidrimh na hÉireann:

- Go mbeidh siad fós ina bhfoinsí iontaofa, neamhspleácha sonraí sna blianta amach romhainn;
- Go gcinnteofar go mbeidh siad fós ábhartha trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe móra atá ag titim amach ó thaobh an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair;
- Go ndéanfar foinsí sonraí a nascadh ar bhealach nuálach, de réir cheanglais agus chosaintí an Achta Staidrimh agus RGCS, chun an léargas is fearr is féidir a thabhairt; agus
- Go gcuirfear an léargas sin ar a súile ar bhealach soiléir d'úsáideoirí an staidrimh oifigiúil agus don phobal i gcoitinne.

Déanfaidh an Bord monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanfar i leith na straitéise seo sna cúig bliana amach romhainn.

Sa ról atá agam mar chathaoirleach, tá an t-ádh orm saineolas a bheith ar fáil dom ó chomhaltaí an Bhoird, caidreamh oibre gairmiúil a bheith agam leis an Oifig faoi stiúir Phádraig Dalton, agus tacaíocht agus tiomantas den scoth a bheith ar fáil dom ó Claire Hanley, rúnaí an Bhoird. Gabhaim buíochas libh go léir agus táim ag tnúth le bheith ag obair libh agus an straitéis seo a bheith á cur chun feidhme againn.

Anne Vaughan
**Cathaoirleach**

**Bealtaine 2021**

# Fís, Luachanna agus Spriocanna an Bhoird Náisiúnta Staidrimh i leith Chóras Staidrimh na hÉireann

## Fís

Córas staidrimh oifigiúil den scoth ina mbaintear leas as na sonraí is fearr atá ar fáil chun faisnéis ar ardchaighdeán, thráthúil, neamhspleách agus inrochtana a sholáthar, lena gcuirfear bonn eolais faoin tuiscint atá againn ar shochaí, geilleagar agus comhshaol na hÉireann.

## Luachanna

Tiomantas láidir do neamhspleáchas, oibiachtúlacht agus ardcháilíocht staidreamh oifigiúil na hÉireann.

Spreagadh i leith córas staidrimh oifigiúil a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí agus is furasta a úsáid.

Aitheantas a thabhairt don rúndacht, do chosaint sonraí agus don tslándáil mar bhunús na muiníne as an staidreamh oifigiúil.

## Spriocanna Straitéiseacha

Staidreamh oifigiúil atá tráthúil, neamhspleách, inrochtana agus ar ardchaighdeán a sholáthar, bunaithe ar Chóras Staidrimh na hÉireann lena gcuimsítear clár cuimsitheach daonáireamh agus suirbhéanna, sonraí riaracháin na hearnála poiblí agus foinsí sonraí na hearnála príobháidí chun tacú leis na riachtanais a bhíonn ag úsáideoirí sa tír seo.

Córas nuálach a chothú ina bhféachtar le gach foinse sonraí a rochtain agus a úsáid chun léargas tráthúil a sholáthar.

Bonneagar Sonraí Náisiúnta a chur chun feidhme agus a leabú go hiomlán ar fud na hearnála poiblí, a mbeidh aitheantóirí uathúla buana agus caighdeáin choiteanna sonraí ina ngnéithe de.

An tábhacht a bhaineann leis an staidreamh oifigiúil a chur in iúl, chomh maith leis na buntáistí atá aige i gcomparáid le foinsí faisnéise eile.

# Conclúidí agus Moltaí an Bhoird 2021-2026

Sa chuid seo, déantar achoimre ar na tosaíochtaí agus na bearta breise a mhol an Bord Náisiúnta Staidrimh maidir leis an staidreamh oifigiúil i leith na tréimhse 2021-2026. Pléitear an chéad tosaíocht go mion i gCaibidil 3 agus pléitear na cinn eile i gCaibidil 4.

## Tosaíochtaí i leith an Staidrimh Oifigiúil

### Monatóireacht a dhéanamh ar an Athrú ó Bhonn atá ag tarlú i dtaobh an Chomhshaoil, an Gheilleagair agus na Sochaí

**T1.** Na príomhthéamaí leathana a shainaithin an Bord, baineann siad le monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe ó bhonn atá ag tarlú ó thaobh an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair de (tugtar sainmhíniú leathan ar gach ceann acu sin i gCaibidil 3). Ní mór don Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a chinntiú go bhfuil sí ag freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí, agus ag teacht chun tosaigh orthu más féidir é, chun cabhrú le lucht déanta beartas agus chun eolas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Is iad seo a leanas réimsí tábhachtacha gníomhaíochta na hOifige, ag obair di i gcomhar le gníomhaireachtaí de chuid na hearnála poiblí:

**Téama 1:**

- Tacair sonraí a nascadh agus leibhéal níos doimhne mionsonraí a chur ar fáil sa **réimse comhshaoil;**

**Téama 2:**

- Freagairt do **mhórathruithe ar an ngeilleagar** agus ar an mbealach a bhfuil cúrsaí gnó ag athrú chun léargas ceart a thabhairt ar an méid atá ag tarlú;
- Léargas a thabhairt ar na hathruithe atá ag teacht ar an gcaoi a bhfeidhmíonn **an margadh saothair agus cáilíocht na fostaíochta,** agus monatóireacht a dhéanamh orthu;

**Téama 3:**

- Sonraí a chur ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí maidir le **folláine agus comhtháthú sóisialta;** agus
- Leathnú a dhéanamh ar raon na n-aschur, na dtáirgí agus na seirbhísí is féidir léi a sholáthar ar fud an **mhór-réimse sláinte.** Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Roinn Sláinte bonneagar cuimsitheach a fhorbairt i ndáil le sonraí sláinte agus sonraí gaolmhara.

### Cumarsáid

**T2.** I saol gasta, ardteicneolaíochta an lae inniu, ina mbíonn faisnéis ar fáil ach méar a leagan ar scáileán, molann an Bord go ndéanfaidh an Oifig beart chun **úsáideoirí a chur ar an eolas** faoi na buntáistí a bhaineann leis an staidreamh oifigiúil mar fhoinse faisnéise i gcomparáid le foinsí eile. Ní mór don Oifig leanúint di féin a chur chun cinn mar fhoinse iontaofa sonraí staidrimh do chách.

Fáiltíonn an Bord roimh an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig go dtí seo maidir le cur chuige a ghlacadh i leith a cuid aschur atá **níos dírithe ar na saoránaigh,** agus molann sé go leanfadh an Oifig leis an infheistíocht sa réimse sin, rud a fhágfaidh gur mó an fiúntas a bhainfidh an iomaí úsáideoir agus an pobal i gcoitinne as an staidreamh agus go mbeidh fáil níos éasca acu air.

Aithníonn an Bord an t-éileamh atá ar tháirgí agus seirbhísí nua CSO, amhail **meastacháin fíor-ama** agus mearmheastacháin, agus molann sé go ndéanfadh an Oifig iniúchadh ar tháirgeadh meastachán den sórt sin, i gcomhairle le húsáideoirí, nuair is ábhartha agus is iomchuí sin ag brath ar na tacair sonraí áirithe atá i gceist.

## Sonraí Riaracháin a Fheabhsú le haghaidh Úsáid Staidrimh

**T3.** Creideann an Bord go bhfuil sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as **foinsí sonraí riaracháin** chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an staidreamh oifigiúil amach anseo, agus molann sé an méid seo a leanas:

- go bhforbróidh an Oifig **caighdeáin, rialacha agus treoirlínte** chun rialú a dhéanamh ar aicmiú, stóráil agus bainistíocht sonraí ar fud eagraíochtaí rialtais; agus go spreagfaidh sí go gcuirfear i bhfeidhm aicmithe agus caighdeáin choiteanna sonraí, agus béim ar leith á leagan ar réimsí straitéiseacha beartais agus caiteachais, amhail sláinte, oideachas agus coimirce shóisialta; agus
- gur cheart **struchtúr cuí a chur i bhfeidhm** ar shonraí riaracháin na n-eagraíochtaí rialtais lena chinntiú go mbeidh a gcuid sonraí oiriúnach lena n-úsáid chun críocha staidrimh ag an eagraíocht féin agus ag Córas Staidrimh na hÉireann ar bhealach tráthúil, éifeachtúil. Ba cheart do na heagraíochtaí sin gealladh go gcuirfidh siad ar bhealach praiticiúil le luach a gcuid sonraí agus go mbeidh siad ag comhoibriú leis an Oifig chun gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hathruithe a bhrú chun cinn a bheidh de dhíth chun a gcórais a dhearadh nó a oiriúnú.

**T4.** I straitéisí a d'fhoilsigh an Bord roimhe seo, moladh go gcuirfí chun feidhme **Bonneagar Sonraí Náisiúnta** (BSN) chun nascadh sonraí ar fud na gcóras riaracháin agus chóras na hOifige a éascú trí aitheantóirí uathúla a úsáid i leith daoine aonair (uimhir PSP), gnólachtaí (aitheantóir uathúil gnó), agus láithreacha (Éirchód) i ngach bailiúchán sonraí oifigiúil agus i ngach tacar sonraí riaracháin oifigiúil.

Measann an Bord gur maith an riocht ina bhfuil **Tacadóirí an BSN**[1] chun spreagadh a thabhairt do na tionscnaimh a theastaíonn chun an Bonneagar Sonraí Náisiúnta a chur i bhfeidhm trí aird a dhíriú ar an luach a bhaineann le haitheantóirí uathúla agus aicmithe comhchoiteanna ar bhailiúcháin sonraí. Éilíonn sé ar na tacadóirí iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá le tapú chun feabhas a chur ar chlúdach na n-aitheantóirí sin ar chórais agus próisis riaracháin.

Is mór ag an mBord go bhfuil **Aitheantóir Uathúil Gnó** forbartha ag na Coimisinéirí Ioncaim agus molann sé go ndéanfar céim a haon de thionscadal na n-aitheantóirí sin a chríochnú agus a chur i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2021.

Aithníonn an Bord an tábhacht atá le tionscadail fiosraithe na hOifige. Tionscadail taighde atá i gceist leo sin, a bhaineann le beartas agus ina dtugtar le chéile sonraí ón Oifig agus ó fhoinsí riaracháin. Ní hé amháin go dtugann siad léargas breise i réimsí ar leith, ach léiríonn siad freisin an luach a bhaineann leis an BSN a úsáid chun foinsí éagsúla sonraí a nascadh. Molann an Bord go leanfaidh an Oifig, comhlachtaí na hearnála poiblí agus páirtithe leasmhara eile ag aithint tionscadail taighde úsáideacha ina mbaintear leas as tacair sonraí nasctha, agus lena gcuirtear leis an tuiscint ar na buntáistí a bhaineann le sonraí a nascadh ar an gcaoi sin.

1 Tá Grúpa Tacadóirí an BSN faoi chathaoirleacht na Príomh-Oifige Staidrimh agus tá ionadaithe ann ó gach Roinn agus gníomhaireacht ag a bhfuil sonraí ardluacha. Déanann sé monatóireacht agus cur chun cinn ar chlúdach na n-aitheantóirí uathúla ar fud bhailiúcháin sonraí na hearnála poiblí.

## An tÉirchód a leabú i ngach Bailiúchán Sonraí san Earnáil Phoiblí

**T5.** Tacaíonn an Bord go láidir leis an **aitheantóir Éirchóid** a áireamh i mbailiúcháin sonraí na hearnála poiblí agus measann sé gur gné ríthábhachtach é sin ó thaobh an BSN a chur chun cinn agus ó thaobh sholáthar an leibhéil mionsonraí geografacha a bhíonn á lorg ag a lán daoine a úsáideann an staidreamh oifigiúil. Ionas gur fearr an bailiú agus an comhtháthú a dhéanfaidh comhlachtaí na hearnála poiblí ar an Éirchód, molann an Bord an méid seo a leanas:

- go mbeidh sé éigeantach do chomhlacht de chuid na hearnála poiblí cur chuige '**iarr an cód'** a ghlacadh agus é ag idirghníomhú le custaiméirí, agus Éirchód a iarraidh mar chuid de sheoladh (sa chás ina mbeidh seoladh ag teastáil agus de réir RGCS), agus chun é sin a éascú ba cheart do na comhlachtaí sin comhéadan feidhmchlár (API) a chur i bhfeidhm chun an tÉirchód a fháil agus a bhailíochtú nuair a bhítear ag déileáil le custaiméirí;
- Go mbeidh comhtháthú an Éirchóid ina cheanglas éigeantach i leith gach córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a sholáthrófar;
- gur uair in aghaidh na míosa, seachas uair in aghaidh na ráithe, a dhéanfar cóid a shannadh agus bunachar sonraí Éirchóid a scaipeadh agus a chur ar fáil d'úsáideoirí ceadúnaithe;
- go mbreathnóidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) an bhfuil sé indéanta **an tÉirchód a láimhseáil mar earra poiblí,** agus é a chur ar fáil saor in aisce do gach úsáideoir; agus
- go mbunófar foghrúpa de Ghrúpa Tacadóirí an BSN chun glacadh an Éirchóid a chur chun cinn ar bhailiúcháin sonraí de chuid na hearnála poiblí, agus go mbeidh an grúpa sin faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta ó roinn rialtais a bhfuil bailiúcháin mhóra sonraí ina seilbh aici.

## Acmhainneacht na nOllsonraí

**T6.** Measann an Bord go bhfuil ról luachmhar ag **foinsí 'Ollsonraí'** i mbailiúcháin phríobháideacha ó thaobh tiomsú staidrimh oifigiúil sa todhchaí, agus molann sé don Oifig an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun a Aonad um Fhorbairt Ollsonraí a leathnú, ar mhaithe lena léiriú go mbaineann breisluach leo i leith an staidrimh oifigiúil;
- dul i gcomhairle le soláthraithe ollsonraí chun rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí príobháideacha chun críocha staidrimh; agus
- idirphlé leanúnach a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cosaint sonraí, nuair is gá.

## Rúndacht Sonraí

**T7.** Aithníonn an Bord go bhfuil **rúndacht sonraí** ar cheann de na luachanna is tábhachtaí atá ag an Oifig agus molann sé, agus gá níos mó ann de réir a chéile dul i dtreo foinsí malartacha sonraí chun staidreamh oifigiúil a sholáthar, go músclóidh an eagraíocht sin feasacht faoina cuid luachanna a bhaineann le rúndacht agus leis an ráthaíocht dhlíthiúil a thugtar faoin Acht Staidrimh, 1993. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh an Oifig chun cinn muinín san eagraíocht agus go gcuirfidh sí in iúl go soiléir, i gcás na sonraí a bhailíonn sí nó a mbíonn rochtain aici orthu, nach féidir iad a úsáid ach chun críocha staidrimh amháin agus nach féidir céannacht duine aonair nó gnólachta a nochtadh choíche d'eagraíocht eile san earnáil phoiblí.

**T8.** Measann an Bord gur dúshlán i dtaobh an staidrimh oifigiúil in Éirinn is ea na cúiseanna neamhchinnteachta maidir le cosaint sonraí agus na tuiscintí éagsúla a chuireann eagraíochtaí i bhfeidhm i dtaobh an **Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS),** agus molann sé:

- go soláthróidh an Oifig treoir agus dearbhú soiléir do chomhlachtaí poiblí agus iad ag soláthar faisnéise ionas nach mbeidh imní ar dhaoine faoi phríobháideacht sonraí; agus
- gur cheart don Oifig agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí dul i gcomhairle le chéile i ndáil le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar tháirgeadh staidrimh oifigiúil, nuair is iomchuí agus is gá sin, go háirithe maidir le húsáid a bhaint as foinsí sonraí tánaisteacha.

# Bearta Breise ag Tógáil ar na Láidreachtaí a bhaineann le Córas Staidrimh na hÉireann faoi láthair

## Cáilíocht agus Muinín

**B1.** Leagann an Bord béim ar **thábhacht na cáilíochta** maidir le muinín a chothú sa staidreamh oifigiúil agus molann sé, de réir Dhlí Staidrimh na hEorpa[2], go leathnódh an Oifig a ról cáilíochta staidrimh ionas go gcuimseofar ann gach staidreamh Eorpach a tháirgtear in Éirinn, chun an dea-chleachtas agus tacaíocht a chinntiú i gcás gach eagraíochta a tháirgeann an staidreamh oifigiúil sin.

**B2.** Molann an Bord gur cheart don Oifig clár a chur chun feidhme chun dlús a chur faoi ghlacadh **Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann** ar fud na hearnála poiblí, agus béim ar leith á leagan ar na bailiúcháin sonraí is mó agus gur cheart, i gcás comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí a tháirgeann staidreamh oifigiúil, gur cheart dóibh féachaint leis an gCód Cleachtais sin a chomhlíonadh sa chaoi is go bhféadfadh a chuid aschur a bheith faoi mharc dearbhaithe cáilíochta an Chóid.

**B3.** Tacaíonn an Bord le **ról maoirseachta sonraí** na hOifige i mórchóras sonraí na hÉireann, go háirithe maidir le caighdeáin i leith sonraí a chur chun feidhme agus tacú leis na caighdeáin sin, agus molann sé go ndéanfaí sonrú soiléir ar ról na hOifige sin maidir le léargas a sholáthar ar mhaithe le ceapadh beartas, seachas díreach tráchtaireacht a dhéanamh ar bheartais.

## Úsáideoirí Staidrimh

**B4.** Measann an Bord, i ndáil leis an gcleachtas atá ann dul i gcomhairle **le húsáideoirí** chun bheith ar an eolas faoi riachtanais atá ag teacht chun cinn, gur céim thábhachtach é sin i dtáirgeadh staidrimh oifigiúil agus molann sé go ndéanfadh an Oifig suirbhé ar úsáideoirí agus ar dhaoine nach úsáideoirí iad ag eatraimh 3 bliana i gcomhairle leis an mBord Náisiúnta Staidrimh.

**B5.** Measann an Bord go mbaineann tábhacht leis an úsáid a bhaineann **an pobal taighde** as sonraí na hOifige agus molann sé an méid seo a leanas:

- gur cheart gurb é cur chuige na hOifige an rochtain is mó is féidir ar shonraí a bheith ag taighdeoirí faoi réir fhorálacha an Achta Staidrimh, 1993 agus RGCS;
- go bhféachfaidh an Oifig ar bhealaí chun nósanna imeachta a shimpliú do thaighdeoirí atá ag cur isteach ar rochtain ar shonraí; agus
- go bhféachfaidh an Oifig le comhpháirtíochtaí a fhorbairt le taighdeoirí chun cur le raon an léargais lena dtacaítear leis na riachtanais a bhíonn ag taighdeoirí agus lucht déanta beartas.

**B6.** Baineann tábhacht le hamshraitheanna comhsheasmhacha a tháirgeadh i gcás úsáideoirí atá ag iarraidh teacht ar thuiscint ar athruithe a thagann le himeacht ama ar an ngeilleagar agus ar phríomhathróga eile, agus ionas gur féidir samhlacha maithe réamhaisnéise a fhorbairt. Le sonraí fadaimseartha a rianaíonn na daoine aonair, na líonta tí nó na gnólachtaí céanna le himeacht ama, is fearr an tuiscint ar féidir a theacht uirthi ar an gcaoi a dtéann iompraíocht in oiriúint do bheartais agus cúinsí a bhíonn ag athrú. Molann an Bord gur cheart tosaíocht ard a leagan ar tháirgeadh **amshraitheanna agus sonraí fadaimseartha** i gCóras Staidrimh na hÉireann.

2 Rialachán (AE) 2015/759 lena leasaítear Rialachán (CE) 223/2009. Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, 19.5.2015.

## Acmhainn na Príomh-Oifige Staidrimh a Fheabhsú

**B7.** Leagann an Bord béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint **le hacmhainn na foirne a neartú,** lena n-áirítear baill foirne ar iasacht atá ag obair i gCóras Staidrimh na hÉireann, agus molann sé an méid seo a leanas:

- go gcuirfidh an Oifig scileanna mar innealtóireacht sonraí agus eolaíocht sonraí san áireamh ina samhail earcaíochta agus ina creat oiliúna staidrimh nuair is iomchuí sin; agus
- go smaoineoidh an earnáil phoiblí ar bhreis infheistíochta a dhéanamh chun daoine a earcú a bhfuil scileanna anailíse sonraí agus scileanna teicniúla acu d'fhonn dul san iomaíocht le cuideachtaí san earnáil phríobháideach agus céimithe a spreagadh chun tabhairt faoi ghairm san earnáil phoiblí.

**B8.** Aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann leis na **staitisteoirí ar iasacht** a bhíonn ag obair in eagraíochtaí rialtais agus molann sé:

- go gcuirfear chun feidhme ina iomláine an Meabhrán Tuisceana lena soiléirítear ról agus freagrachtaí na mball foirne staidrimh ar iasacht, na heagraíochta óstaí agus na hOifige, go háirithe maidir le dul chun cinn an Bhoird agus cur i bhfeidhm aicmithe comhchoiteanna chomh maith le soláthar cúnaimh ón Oifig ó thaobh modheolaíochta agus bainistíocht cáilíochta; agus
- go nglactar cur chuige níos comhoibríche idir foireann Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann agus baill foirne de chuid Sheirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) a bhíonn ag obair in eagraíochtaí rialtais, trína mbeidh an dá ghrúpa sin ag obair as lámha a chéile chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach lena dtacaítear le ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

**B9.** Sa ról reachtúil atá aige maidir le comhairle a chur faoi **acmhainní**, molann an Bord go gcuirfí dóthain acmhainní ar fáil don Oifig chun sonraí a bhailiú (cibé acu ó fhoinsí sonraí riaracháin, suirbhéanna, daonáirimh nó teaglaim díobh siúd) chun freastal ar riachtanais náisiúnta ardtosaíochta. Ba cheart a áireamh leis an méid sin comhar le gníomhaireachtaí amhail Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA) chun tacú le cur chuige comhroinnte ar an oileán seo i leith staidreamh oifigiúil, nuair is iomchuí sin.

**B10.** Tacaíonn an Bord le modh ilmhódach chun sonraí daonáirimh a bhailiú sa todhchaí, lena n-áirítear roghanna idirlín. Déanfar iad sin a bhreithniú i ndáil le Daonáireamh 2026 agus ina dhiaidh sin. Sa chomhthéacs sin, molann an Bord don Oifig athbhreithniú a dhéanamh ar a **straitéis néalríomhaireachta** chun ról na néalseirbhísí san eagraíocht amach anseo a mheas.

# 1.
# An Bord Náisiúnta Staidrimh



# 1. An Bord Náisiúnta Staidrimh

## 1.1 An Ról atá Againne

Is é an Bord an comhlacht a bhfuil sé de chúram air treo straitéiseach na hOifige a stiúradh. Is é an oifig sin an táirgeoir staidrimh oifigiúla is mó in Éirinn agus an oifig staidrimh náisiúnta a aithnítear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Bunaíodh an Bord ar bhonn reachtúil faoin Acht Staidrimh, 1993. Cuimsítear le feidhm an Bhoird maidir le treoir straitéiseach na hOifige a threorú, le comhaontú an Taoisigh –

a) tosaíochtaí a bhunú i dtaobh staidreamh oifigiúil a thiomsú agus a fhorbairt;
b) measúnú a dhéanamh ar na hacmhainní foirne, trealaimh agus airgeadais ba chóir a chur ar fáil chun staidreamh oifigiúil a thiomsú;
c) dul i mbun eadrána, faoi réir chinneadh críochnaitheach an Taoisigh, ar aon choimhlintí a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir an oifig agus údaráis phoiblí eile a bhaineann le staidreamh a fháil ó thaifid nó le gníomhaíochtaí staidrimh a chomhordú.

Tá an Bord faoi threoir ag Prionsabail Bhunúsacha na Náisiún Aontaithe um Staidreamh Oifigiúil[3] agus ag an Acht Staidrimh, 1993 lena bhforáiltear do chreat dlíthiúil náisiúnta i leith na mbunluachanna agus na mbunphrionsabal lena rialaítear an staidreamh oifigiúil in Éirinn. Ina theannta sin, creideann an Bord go bhfuil sé riachtanach an staidreamh oifigiúil a tháirgeadh chun teacht leis an gcaighdeán is airde agus de réir phrionsabail Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh (ESCoP).

Tagann an Bord le chéile cúig huaire sa bhliain ar a laghad agus tugann Ard-Stiúrthóir na hOifige an scéal is nuaí ag gach cruinniú faoi nithe ábhartha atá ag tarlú san oifig. Foilsítear clár oibre agus miontuairiscí gach cruinnithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird[4] nuair a bhíonn siad formheasta ag an mBord.

3 Arna ghlacadh ag Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe (Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe, 1994, Tuarascáil ar Sheisiún Speisialta an Choimisiúin Staidrimh, Nua Eabhrac, 11-15 Aibreán 1994, E/1994/29)
4 https://www.nsb.ie/meetings/

## 1.2 Ár gComhaltaí

Tá ochtar comhaltaí ag an mBord lena n-áirítear an tArd-Stiúrthóir, atá ina chomhalta de bhrí oifige. Is é an Taoiseach a cheapann na comhaltaí eile mar a shainmhínítear le hAlt 18 den Acht Staidrimh, 1993[5].



***Anne Vaughan***
Cathaoirleach



***Eimear Cotter***



***Eithne Fitzgerald***



***Gerard Brady***



***John Martin***



***John McCarthy***



***John Shaw***



***Pádraig Dalton***

## 1.3 Próiseas Comhairliúcháin an Bhoird maidir leis an Straitéis

D'fhorbair an Bord an straitéis seo, le hionchur ó roinnt eagraíochtaí rialtais, grúpaí ionadaíocha, daoine a bhaineann leas as an staidreamh oifigiúil, taighdeoirí agus grúpaí de chuid na hOifige. Lorgaíodh tuairimí ó dhaoine trí shuirbhé ar líne agus trí chruinnithe fíorúla comhairliúcháin dhírigh le linn an dara leath den bhliain 2020. San iomlán, fuarthas 35 fhreagra ar an suirbhé ar líne agus tionóladh 30 cruinniú comhairliúcháin. Tá an Bord an-bhuíoch as an gcomhairle agus an aiseolas a fuarthas. Bailíodh go leor faisnéise le linn an phróisis comhairliúcháin agus tháinig téamaí lárnacha chun cinn de réir mar a leanadh ar aghaidh leis an tionscadal. Tá sonraí fúthu sin leagtha amach in Aguisín 1. Tá straitéisí agus tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bun faoi láthair a chuir bonn eolais faoin straitéis freisin[6].

5 http://www.achtanna.ie/ga.act.1993.0021.3.html#partii-sec18

6 Áirítear leo sin: An tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023, Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh 2020-2023, Straitéis Mheántéarmach IGEES 2020-2022, Clár don Rialtas 2020 – Ár dTodhchaí le Chéile, Plean Athnuachana don Státseirbhís agus Ár Seirbhís Phoiblí 2020, Tuarascáil Bhliantúil ESGAB 2019 agus 2020, páipéir éagsúla ón nGrúpa Ardleibhéil um Nuachóiriú Staidrimh Oifigiúil, páipéir éagsúla ó Fhóram Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe ar an Staidreamh Oifigiúil

# 2.
# An Staidreamh Oifigiúil agus Córas Staidrimh na hÉireann



# 2. An Staidreamh Oifigiúil agus Córas Staidrimh na hÉireann

## 2.1 Tábhacht an Staidrimh Oifigiúil

Cuidíonn an staidreamh oifigiúil linn monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta, pleanáil beartas a éascú agus a chinntiú gur sochaí eolach a bheidh i réim. Ionas go mbeidh luach le baint as, caithfear an staidreamh a tháirgeadh ar bhealach neamhspleách, oibiachtúil lena chinntiú go mbeidh muinín ag an bpobal as. Tá sonraí cruinne, ábhartha agus tráthúla riachtanach chun seirbhísí a sholáthar agus chun cinntí a threorú san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Chomh maith le faisnéis a sholáthar do phobal na hÉireann, is féidir le taighdeoirí leas a bhaint as staidreamh agus sonraí i réimsí tábhachtacha mar shláinte, agus is féidir leis an Rialtas leas a bhaint astu chun pleanáil do riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil amach anseo, ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta araon.

Bíonn an staidreamh oifigiúil ina bhunús riachtanach do go leor de na cinntí beartais is tábhachtaí a dhéantar in Éirinn gach bliain. Gan na sonraí sin ní bheimis in ann infheistíocht phoiblí a phleanáil i scoileanna, ospidéil nó bonneagar, ná monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht tionscnamh beartais phoiblí. Dá fheabhas an fhaisnéis a thagann ón gcóras staidrimh, is ea is fearr is féidir cinnteoireacht éifeachtach, pleanáil fhadtéarmach agus cuntasacht a dhearbhú.

An gá atá ann le faisnéis staidrimh neamhspleách, iontaofa ar ardchaighdeán a sholáthar, tá sé á léiriú go soiléir le linn na paindéime COVID-19 tráth a bhfuil béim á leagan ar thábhacht an staidrimh oifigiúil chun an pobal a chur ar an eolas agus chun cabhrú leis an Rialtas agus le comhlachtaí mar an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) cinntí a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an bpaindéim.




***Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann, 26 Aibreán 2021***

## 2.2 Córas Staidrimh na hÉireann

Faoi láthair is éard atá i gceist le Córas Staidrimh na hÉireann na codanna sin den earnáil phoiblí a bhfuil baint acu le staidreamh oifigiúil a bhailiú, a phróiseáil, a thiomsú nó a scaipeadh.

### An Phríomh-Oifig Staidrimh

Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh an t-eagras is mó in Éirinn ó thaobh táirgeadh staidrimh oifigiúil agus is oifig staidrimh náisiúnta í a bhfuil sé de chúram uirthi staitisticí faoi mhuintir, sochaí agus geilleagar na hÉireann a bhailiú, a anailísiú agus a chur ar fáil ar bhealach neamhchlaonta.

Ar an leibhéal náisiúnta, cuireann staidreamh oifigiúil na hOifige bonn eolais faoi chinnteoireacht ar fud réimsí éagsúla lena n-áirítear sláinte, leas sóisialta, an comhshaol agus an geilleagar. Ar leibhéal na hEorpa, soláthraíonn an staidreamh léargas comhsheasmhach ar fheidhmíocht na hÉireann agus fágann sé gur féidir comparáid a dhéanamh idir Éire agus tíortha eile.

Ina theannta sin, tá ról foirmiúil comhordúcháin ag an Oifig ar fud na seirbhíse poiblí maidir le staidreamh oifigiúil, trí sheirbhísí staidrimh a sholáthar, mar shampla. Sainmhínítear an ról comhordúcháin sin sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

### Údaráis Náisiúnta Eile

Is é 'Údarás Náisiúnta Eile' an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na heagraíochtaí in Éirinn, seachas an Phríomh-Oifig Staidrimh, atá freagrach as staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh (féach Aguisín 2). Tá freagracht ar an Oifig as staidreamh oifigiúil na n-údarás sin a chomhordú agus, faoi dhlí staidrimh an Aontais Eorpaigh[7], tá an Oifig freagrach as a chinntiú go gcloíonn na húdaráis eile sin le caighdeáin cháilíochta i leith staidreamh Eorpach mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais don Staidreamh Eorpach (ESCoP).

### Dreamanna eile in Éirinn a thiomsaíonn Staidreamh Oifigiúil

Tá dreamanna eile in Éirinn a thiomsaíonn staidreamh oifigiúil agus nach dtagann faoin aicme 'údarás náisiúnta eile', na Coimisinéirí Ioncaim mar shampla. Sainmhínítear san Acht Staidrimh gurb ionann staidreamh oifigiúil agus na staitisticí a thiomsaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh nó aon údarás poiblí eile[8].

### Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann

Is é Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann an t-ainm a thugtar ar an líonra staitisteoirí ar iasacht ón Oifig atá ag obair i ranna rialtais agus in eagraíochtaí na hearnála poiblí. Faigheann na staitisteoirí sin tacaíocht lárnach ón Oifig agus is maith an riocht ina bhfuil siad chun luach na gcaighdeán comhchoiteann sonraí agus úsáid sonraí riaracháin a chur chun cinn trína gcuid oibre. Ag deireadh chéad ráithe na bliana 2021, 34 staitisteoir a bhí amuigh ar iasacht; tá borradh faoin gclár go fóill agus tá seirbhís anailíse níos comhordaithe á tógáil diaidh ar ndiaidh.

7 Rialachán (AE) 2015/759 lena leasaítear Rialachán (CE) 223/2009. Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, 19.5.2015. Is é Rialachán (CE) 223/2009 an chreatreachtaíocht don Chóras Staidrimh Eorpach (CSE), atá comhdhéanta de Eurostat agus iad siúd a tháirgeann staidreamh oifigiúil sna Ballstáit. Sainmhínítear sa Rialachán cuspóirí, rialachas agus prionsabail staidrimh CSE.

8 Arna shainmhíniú mar Roinn Stáit, údarás áitiúil, bord sláinte nó comhlacht eile arna bhunú le haon achtachán.

# 2.3 Na Dúshláin a bhaineann leis an Staidreamh Oifigiúil

Agus síorathrú ag teacht ar an domhan thar timpeall orainn, tá dúshláin nua agus dúshláin athraithe ag teacht chun fóir i réimse an staidrimh oifigiúil. Tugtar achoimre ar chuid acu sin thíos:

## Borradh ag teacht faoin éileamh ar shonraí

Tá borradh as cuimse tagtha ar an éileamh ar shonraí agus ar léargas le linn ré na paindéime COVID-19. Teastaíonn faisnéis thráthúil, chruinn, ábhartha ó úsáideoirí agus teastaíonn na sonraí sin ó lucht déanta beartas chun an chinnteoireacht a éascú. Chun teacht roimh an dúshlán sin, ní mór do lucht táirgthe staidrimh oifigiúil féachaint le leas a bhaint as foinsí forlíontacha chun freastal ar an mborradh atá faoin éileamh, amhail forbairt a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as foinsí sonraí riaracháin agus rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí príobháideacha.

## A bheith fós ábhartha

Is dúshlán mór i leith staidreamh oifigiúil é dul san iomaíocht i ndomhan atá sáithithe ag nuacht thapa a bhíonn de shíor ag athrú. Ní mór do lucht táirgthe staidrimh oifigiúil an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir faisnéis ábhartha a sholáthar go tapa do gach úsáideoir agus a chinntiú an tráth céanna go gcosnaítear luach, cáilíocht agus barántúlacht a n-aschur. Ní hé amháin go gcaithfidh táirgí staidrimh oifigiúil a bheith tráthúil, ach caithfidh fáil éasca a bheith orthu agus iad a bheith sothuigthe agus caithfear iad a scaipeadh trí raon leathan fóram lena n-áirítear na meáin shóisialta. Caithfidh staitisteoirí breathnú ar bhealaí nuálacha chun dul i ngleic leis an dúshlán sin, dlús a chur leis an bpróiseas táirgthe agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis na húsáideoirí go léir.

## An staidreamh oifigiúil mar fhoinse iontaofa

Dúshlán a bhaineann le réimse an staidrimh, ina mbíonn éileamh síoraí ar bhreis staidreamh nua, is ea teacht chun cinn na hiomaíochta ó tháirgeoirí nua agus ó lucht cumarsáide staidrimh, arb amhlaidh i gcás cuid acu nach mbíonn siad faoi réir na cáilíochta a theastaíonn agus a mbíonn súil léi ó lucht táirgthe staidrimh oifigiúil. Fágann sé sin go bhfuil coincheap na mífhaisnéise tagtha chun fóir. Is tábhachtaí ná riamh é go gcosnófar cáilíocht, iontaofacht, trédhearcacht agus neamhspleáchas an staidrimh oifigiúil agus caithfear é sin a chur chun cinn mar fhoinse iontaofa fianaise.

## Méadú ar chastacht

Tá athruithe ó bhonn ag teacht ar an tsochaí agus ar gheilleagair, agus cothaítear éileamh ar aschuir staidrimh nua dá bharr sin. Caithfidh an staidreamh oifigiúil freagairt do ghnéithe sin an tsaoil nua ar féidir dúshlán mór a bheith ag gabháil leo, toisc gur féidir leis a bheith deacair sainiú a dhéanamh ar na hathróga atá i gceist (m.sh. domhandú, folláine, aeráid) agus iad a thomhas.

## Laghdú ag teacht ar rátaí freagartha suirbhéanna

Mar gheall ar athrú a bheith ag teacht ar nósanna maireachtála, agus dúshláin an scartha shóisialta a bheith i gceist le tamall anuas, tá laghdú tagtha ar an oiread líonta tí a bhíonn ar fáil

chun freagra a thabhairt ar shuirbhéanna agus atá sásta é sin a dhéanamh. Is é an dúshlán atá ann i leith staidreamh oifigiúil ná teacht ar fhoinsí agus modhanna malartacha chun comhlánú a dhéanamh ar chur chuige seanbhunaithe an tsuirbhé i ndáil le bailiú faisnéise, agus féachaint chuige ar an gcaoi sin gur féidir réiteach a fháil ar bhearnaí atá ann de bharr rátaí freagartha a bheith ag titim.

## An Bunachar Sonraí Náisiúnta a leabú agus foinsí malartacha a fhorbairt

Sa straitéis a foilsíodh in 2015 i ndáil le Bonneagar Sonraí Náisiúnta (BSN), moladh go gcuirfí chun feidhme bonneagar den sórt sin chun nascadh sonraí ar fud na gcóras riaracháin agus chóras na hOifige a éascú trí aitheantóirí uathúla a úsáid i leith daoine aonair (uimhir PSP), gnólachtaí (aitheantóir uathúil gnó), agus láithreacha (Éirchód) i ngach bailiúchán sonraí oifigiúil agus i ngach tacar sonraí riaracháin oifigiúil. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis sin idir 2015 agus an lá inniu, is gá an BSN a neartú tuilleadh sa tréimhse 2021-2026.

Tá sé ríthábhachtach foinsí malartacha sonraí a fhorbairt agus nuachóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a mbailítear, a bpróiseáiltear agus a bhfoilsítear sonraí chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin a luaitear thuas. Ceann de na príomhdhúshláin atá ann i leith staidreamh oifigiúil i ndáil le bogadh ar shiúl ó fhoinsí sonraí traidisiúnta is ea creidiúnacht agus iontaofacht na dtáirgí aschuir staidrimh a chothú, agus a chinntiú go mbeidh an staidreamh bunaithe ar choincheap fónta agus go mbeidh sé cruinn ó thaobh modheolaíochta de.

Is foinse luachmhar iad sonraí riaracháin, a bhailíonn comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí (CEPanna) chun críocha riaracháin go príomha, chun anailís agus aschuir staidrimh nua a sholáthar. Ach cur chuige comhordaithe a ghlacadh maidir le comhtháthú sonraí, d'fhéadfaí costais a laghdú, éifeachtúlacht níos mó a bhaint amach agus dúbailt oibre a sheachaint.

Tá an-acmhainneacht ag baint le foinsí sonraí príobháideacha, amhail sonraí ó scanóirí agus sonraí cárta creidmheasa, mar fhoinse bhreise staidrimh oifigiúil. Is é an dúshlán mór atá ann rochtain a fháil ar shonraí den sórt sin, agus é á chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht um chosaint sonraí, agus féachaint chuige an tráth céanna go n-oireann cáilíocht na sonraí do chríocha staidrimh.

## Cosaint sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Le hachtú an RGCS in 2018, rinneadh athrú ar an mbealach a ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil agus athraíodh réimse an staidrimh oifigiúil. Measann a lán daoine gur deis le tapú is ea an RGCS, toisc go gcinntítear leis go mbeidh gníomhaíochtaí bailithe sonraí comhréireach, riachtanach agus go gcomhlíonann siad an prionsabal maidir le híoslaghdú sonraí. Mar sin féin, is dúshlán ó thaobh staidreamh oifigiúil iad cultúr an athraithe, cúiseanna neamhchinnteachta maidir le cosaint sonraí agus na léirmhínithe éagsúla a bhíonn ag eagraíochtaí i ndáil leis an RGCS a chur chun feidhme. Ní mór comhthuiscint a bheith ann ar na ceanglais a chuireann an RGCS ar CEPanna agus, go háirithe, tuiscint ar na díolúintí atá ann nuair a bhíonn sonraí á soláthar chun críocha staidrimh.

## Bearnaí ó thaobh scileanna

Tá easpa daoine ann a bhíonn ag gabháil d'anailísíocht sonraí nó a bhfuil scileanna teicniúla eile acu, lena n-áirítear scileanna teicneolaíochta, agus bíonn an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach san iomaíocht le chéile le haghaidh speisialtóirí sna réimsí sin. Is é an dúshlán atá le sárú ag táirgeoirí staidrimh oifigiúil ná baill foirne a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu a mhealladh agus a choinneáil cé go bhfuil a lán eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí móra ilnáisiúnta a thairgeann tuarastail níos fearr agus sochair eile ag gabháil leo.

Pléitear na saincheisteanna sin a thuilleadh i gCaibidil 4.

# 3.

# Príomhthéamaí i leith an Staidrimh Oifigiúil in Éirinn

–



# 3. Príomhthéamaí i leith an Staidrimh Oifigiúil in Éirinn

Tá trí théama sainaitheanta ag an mBord le scrúdú a dhéanamh orthu, ag tarraingt ar aschur an chleachtaidh comhairliúcháin agus ar a phléití féin.

**Téama 1:**
- Comhshaol agus Aeráid

**Téama 2:**
- Geilleagar agus Gnó
- An Margadh Saothair, Cáilíocht na Fostaíochta agus Todhchaí na hOibre

**Téama 3:**
- Folláine agus Comhtháthú Sóisialta
- Sláinte agus Cúram Sóisialta

## Téama 1

## 3.1 Comhshaol agus Aeráid

Is tosaíocht ag go leor tíortha, agus Éire ina measc, é dul i ngleic leis an athrú aeráide. Is é dearcadh an Bhoird é go mbeidh gá níos mó le sonraí breise agus staidreamh oifigiúil sa réimse sin, go háirithe maidir le bunchúiseanna na n-astaíochtaí ar fud gach earnáil den gheilleagar. Ach nasc a dhéanamh idir tacair sonraí a bhaineann le hastaíochtaí, de réir aonaid gheografacha, ar réimsí mar phatrúin iompair, úsáid fuinnimh agus rátálacha fuinnimh cónaithe, is féidir bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise. Níl raon iomlán na riachtanas a bhíonn ag úsáideoirí ag teacht chun solais ach de réir mar a tharlaíonn gníomhaíocht aeráide níos mionsonraithe, beidh sonraí ag teastáil chun tacú le buiséid charbóin a fhorbairt, leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin, agus le dul i ngleic le bochtaineacht breosla. Measann an Bord go mbeidh gá le sonraí ar leibhéal níos mine chun cabhrú le beartas a cheapadh ar bhonn fianaise, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar dáileacháin na mbeart atá dírithe ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide, agus chun an pobal a chur ar an eolas.

Beidh staidreamh iontaofa, dea-shainithe ag teastáil ó ghnólachtaí agus ó lucht déanta beartas chun táirgeadh agus fostaíocht in earnáil ghlas an gheilleagair a thomhas agus chun teacht ar thuiscint níos fearr ar an tionchar a bheidh ag 'poist ghlasa' ar mhargadh an tsaothair agus lena chinntiú go nglacfar bearta beartais éifeachtacha chun freagairt don aistriú sin i dtreo geilleagar níos glaise. Cuireann an Bord fáilte roimh obair le déanaí de chuid na hOifige i dtreo staidreamh a fhoilsiú ar earnáil na n-earraí agus seirbhísí comhshaoil.

Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta maidir le leathnú a dhéanamh ar shraith aschur staidrimh na hOifige a bhaineann leis an gcomhshaol, le tabhairt isteach an Rialacháin ón Aontas Eorpach um Chuntasaíocht Chomhshaoil[9] in 2014, beidh ar an Oifig comhoibriú a thuilleadh le comhlachtaí mar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) chun leathnú a dhéanamh ar raon an

9 Rialachán (AE) Uimh. 538/2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 691/2011

staidrimh oifigiúil sa réimse sin agus chun sonraí ar leibhéal níos mine a chur ar fáil. Beidh dúshlán ann, áfach, i dtaobh na bhfoinsí sonraí riachtanacha a aithint, nó go deimhin iad a chur ar bun, chun freastal ar raon leathan na riachtanas sonraí. I bhfianaise an róil maidir le sonraí a nascadh atá ag an Oifig faoin Acht Staidrimh, beidh sé d'acmhainn aici an leibhéal mionsonraí atá ar fáil a leathnú chun freastal ar riachtanais mhéadaitheacha san earnáil seo, agus is gá dóthain acmhainní a shannadh chun na haschuir bhreise sin a fhorbairt.

# Téama 2

## 3.2 Geilleagar agus Gnó

Tá athruithe ó bhonn ag teacht ar gheilleagair agus ar ghnólachtaí, athruithe atá ag dul i bhfeidhm ar an gcaoi a mbíonn daoine agus gnólachtaí ag feidhmiú sa tír seo agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, rud a chothaíonn éileamh ar léargas nua atá bunaithe ar an staidreamh. Caithfidh an staidreamh oifigiúil freagairt do na héilimh nua sin, ar féidir dúshlán mór a bheith ag gabháil leo, toisc gur féidir leis a bheith deacair sainiú a dhéanamh ar na hathróga atá i gceist (m.sh. domhandú) agus iad a thomhas, agus toisc gur féidir leo dul i bhfeidhm ar tháscairí staidrimh atá ann cheana, amhail an Olltáirgeacht Intíre (OTI), an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) agus an tOllioncam Náisiúnta modhnaithe (OIN*).

Tá athrú digiteach ó bhonn ag teacht ar an ngeilleagar domhanda le leathnú tapa na ríomhthráchtála, theicneolaíocht an airgeadais agus teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha nua. Is gá an t-athrú digiteach sin agus an geilleagar digiteach atá seasta ag fás a léiriú ar bhealach níos fearr sa staidreamh eacnamaíoch – mar is léir ón treochlár a d'fhoilsigh an OECD le déanaí, *Roadmap toward a common framework for measuring the digital economy*[10]. Is maith mar is eol dúinn nach mbíonn an staidreamh eacnamaíoch traidisiúnta dírithe ar an ngeilleagar digiteach a thomhas, agus de réir mar a dhéanfar dul chun cinn idirnáisiúnta maidir le conas an tomhas sin a dhéanamh go cruinn, measann an Bord gurb é an dúshlán a bheidh roimh an Oifig an fhaisnéis sin a ghabháil ar bhealach éifeachtach.

Táthar ag díriú níos mó ar staidreamh táirgiúlachta ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta araon agus tá an Bord den tuairim go gcaithfidh an Oifig a bheith ag obair i ndlúthpháirt le húsáideoirí sa réimse sin lena chinneadh cé na riachtanais tosaíochta atá acu ó thaobh sonraí. Mar shampla, tá an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta ag aithint ceisteanna taighde táirgiúlachta a fhágfaidh go mbeidh fáil ar fhaisnéis níos spriocdhírithe ar na hionstraimí beartais is iomchuí le húsáid i réimsí mar uasoiliúint agus oiliúint bhainistíochta. Tá coincheap na deighilte idir gnólachtaí ceannródaíochta agus gnólachtaí eile sa gheilleagar tagtha chun cinn mar réimse staidéir a bhfuil borradh faoi ar an leibhéal idirnáisiúnta[11]. Tá nasc déanta idir é agus feiniméin éagsúla lena n-áirítear éagsúlacht táirgiúlachta, brabús níos mó, iomaíocht agus neamhionannas pá. Measann an Bord gur cheart nach é amháin gur chóir feabhsuithe eile a dhéanfar ar shonraí a bheith dírithe ar chomhiomlánú na táirgiúlachta, ach go mbeidís dírithe freisin ar dháileadh príomhtháscairí táirgiúlachta agus feidhmíochta gnólachtaí.

Ní mór tús áite a thabhairt ar chlár oibre na hOifige do thomhas a dhéanamh ar athruithe a mbeidh tionchar acu ar thrádáil sheachtrach, ar na cuntais idirnáisiúnta agus ar staidreamh a bhaineann le hiompar sna blianta amach romhainn, agus an eagraíocht sin ag féachaint

10 OECD (2020). *The roadmap toward a common framework for measuring the digital economy.* http://www.oecd.org/sti/roadmap-toward-a-common-framework-for-measuring-the-digital-economy.pdf

11 Sa cháipéis *Review of SME and Entrepreneurship Policy in Ireland,* a d'fhoilsigh an OECD, aithníodh an méid sin mar phríomhthoradh i ndáil leis na saincheisteanna atá le réiteach ag lucht déanta beartas gnó.
*OECD (2019). SME and Entrepreneurship Policy in Ireland.*
https://www.oecd.org/publications/sme-and-entrepreneurship-policy-in-ireland-e726f46d-en.htm

le teacht roimh na dúshláin a chothaigh an Breatimeacht i dtaobh sonraí a bhailiú agus a léirmhíniú. Molann an Bord go gcinnteoidh an Oifig go ndéanfar an tionchar ar na sonraí a chur in iúl go héifeachtach d'úsáideoirí agus molann sé gur cheart tabhairt, nuair is iomchuí, faoi thionscadail chomhair le gníomhaireachtaí mar NISRA, agus cur chuige uile-oileáin á ghlacadh.

**Bailiú sonraí ar mhaithe le Staidreamh Trádála tar éis an Bhreatimeachta**

Ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, ní mór na hearraí go léir a thrádáiltear leis an mBreatain Mhór (seachas Tuaisceart Éireann) a dhearbhú do chórais dearbhaithe custaim na gCoimisinéirí Ioncaim. Is mór an dúshlán é sin de réir mar a aistríonn an fhoinse sonraí le haghaidh trádáil earraí leis an mBreatain Mhór ón suirbhé Intrastat (laistigh den Aontas Eorpach) go dtí an córas custaim riaracháin.

Faoin bPrótacal Athbhreithnithe ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann, beidh Tuaisceart Éireann fós ina chuid de chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe faoin dlí, ach fanfaidh sé i Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh i ndáil le gluaiseacht earraí, agus chun na críche sin amháin. Leanfar ag bailiú sonraí maidir le trádáil le Tuaisceart Éireann tríd an suirbhé Intrastat ar thrádáil earraí laistigh den Aontas Eorpach.

## 3.3 An Margadh Saothair, Cáilíocht na Fostaíochta agus Todhchaí na hOibre

Téama a bhfuil a thábhacht ag méadú is ea an ceann faoina dtagann saincheisteanna a bhaineann le margadh an tsaothair, cáilíocht na fostaíochta agus todhchaí na hoibre. Fáiltíonn an Bord roimh an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig sa réimse sin agus molann sé leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le húsáideoirí, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- <u>Uaireanta oibre:</u>
  Leagann an Bord béim ar a thábhachtaí atá sé sonraí cothrom le dáta a bheith ar fáil maidir le líon na n-uaireanta a oibrítear, rud is ionchur lárnach i dtomhas na táirgiúlachta. Measann an Bord, ach líon na n-uaireanta a oibrítear a áireamh ar Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS), go gcuirfí go mór leis an bhfoinse sonraí sin agus go bhfeabhsófaí an anailís agus an léargas a tháirgtear. Aithníonn an Bord gur ghá comhairliúchán níos leithne a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe párolla, chun an beart sin a thabhairt chun críche.
- <u>Coinníollacha conarthacha agus dálaí oibre:</u>
  Fáiltíonn an Bord roimh an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig maidir le meastachán a dhéanamh ar líon na n-oibrithe gníomhaireachta a bhíonn fostaithe agus measann sé gur gá níos mó a dhéanamh chun cur leis an gclúdach ar an gcaoi a bhfuil coinníollacha conarthacha agus dálaí oibre ag athrú, m.sh. oibrithe ar conradh, méadú ar líon na ndaoine atá féinfhostaithe (go háirithe daoine atá féinfhostaithe astu féin) agus oibrithe poistíneachta. Molann an Bord gur cheart forbairt a dhéanamh ar shuirbhéanna nasctha ar fhostaithe/fostóirí[12] mar chreat chun dálaí oibre na bhfostaithe a mheas agus chun tomhas a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann na dálaí sin chun cinn le hathruithe eagraíochtúla. D'fhéadfadh suirbhéanna den sórt sin sonraí luachmhara a sholáthar maidir le tionscnaimh oiliúna agus athoiliúna san ionad oibre – cuid thábhachtach den fhoghlaim ar feadh an tsaoil is ea a leithéidí. D'fhéadfaidís léargas úsáideach a sholáthar freisin ar ghnólachtaí ceannródaíochta agus gnólachtaí eile dá dtagraítear thuas.
- <u>Todhchaí na hoibre:</u>
  Athraíonn an bealach a n-oibrímid go síoraí agus cuireadh dlús leis na hathruithe ar an timpeallacht oibre le linn na paindéime COVID-19. Measann an Bord go mbeidh gá le sonraí tráthúla ar réimsí cosúil le cianobair agus tionchar ar an bhfostaíocht ar leibhéal na hearnála mar gheall ar an bpaindéim chun bonn eolais a chur faoi na cinntí a dhéanfaidh an Rialtas,

12 Suirbhéanna ina ndéantar sonraí aonair fostaithe a nascadh le faisnéis faoina bhfostóirí chun tionchar na n-athruithe ar dhálaí oibre, tascanna agus stádas gairme agus conair ghairme a thomhas.

chomh maith le tomhas a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag aon athruithe struchtúracha sa gheilleagar nuair a bheidh ré COVID-19 thart, m.sh. méadú ar tháirgiúlacht ón mbaile, laghdú ar chomaitéireacht agus ar thaisteal ar mhaithe le gnó, agus níos mó oibre a bheith á déanamh ón mbaile.

# Téama 3

## 3.4 Folláine agus Comhtháthú Sóisialta

Sa straitéis a d'fhoilsigh sé in 2015, leag an Bord béim ar thábhacht an staidrimh shóisialta a bheith ag dul i méid maidir le dul chun cinn na sochaí a thomhas, agus rinne sé moltaí sonracha maidir le tomhas folláine a fhorbairt. Ó shin i leith tá dul chun cinn maith déanta maidir le staidreamh sóisialta agus táscairí folláine a chur ar an gclár oibre staidrimh idirnáisiúnta agus measann an Bord gur cheart tomhas na folláine náisiúnta a bheith fós ina thosaíocht ar chlár oibre na hOifige san am atá le teacht.

Tá sé de fhreagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn an comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus iad siúd a bhfuil tionchar ag a gcuid beartas agus pleananna orthu. Tá sé molta ag an gCoimisiún Eorpach go ndéanfadh na Ballstáit iniúchadh ar a staidreamh i leith an chomhionannais agus Mol Sonraí Comhionannais a chur ar bun mar acmhainn[13]. Measann an Bord go bhfuil an Oifig, a bhí réamhghníomhach sa réimse sin cheana féin[14], i riocht maith chun mol den sórt sin a óstáil.

Tá sé tábhachtach go bhfágfaidh an staidreamh oifigiúil gur féidir anailís a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn foghrúpaí difriúla den phobal cuimsithe sa tsochaí nó a mhalairt, cibé acu i ndáil le fostaíocht, torthaí oideachais, ioncam, sláinte nó bearta folláine agus rannpháirtíochta sóisialta eile, agus gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn le himeacht ama. Mar shampla, toisc gur sochaí il-eitneach í Éire, tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar bhearta maidir le comhtháthú sóisialta agus eisiamh sóisialta ar bhonn eitneachais agus náisiúntachta, agus éascú do naisc idir sonraí den sórt sin ar bhearta mar oideachas, bochtaineacht, sláinte, stádas tithíochta, dlús agus suíomh geografach, braistintí daoine faoin leithcheal agus a dtaithí ar an gcóras dlí choiriúil.

Agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[15] á dhaingniú aici, tá Éire tiomanta d'fhaisnéis staidrimh a fhorbairt ionas gur féidir saincheisteanna a aithint ar cinn iad a théann i bhfeidhm ar dhaoine faoi mhíchumas, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh faoin gCoinbhinsiún agus an fhaisnéis sin a chur i láthair daoine faoi mhíchumas ar bhealaí atá inrochtana dóibh. Molann an Bord go ndéanfaí an sainmhíniú ar mhíchumas a úsáidfear i ndaonáireamh na bliana 2022 a chur san áireamh, a mhéid is indéanta, i ngach bailiú sonraí suirbhé, agus go mbeidh anailís ar an staidreamh ábhartha (ar bhonn daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil araon) ar fáil gan stró.

Ar chuid de na forais chomhionannais atá leagtha amach sa reachtaíocht, is féidir go mbeadh sé níos íogaire nó níos deacra sonraí a bhailiú. Chuirfeadh an Bord fáilte roimh staidéar chun an dea-chleachtas a aithint maidir le conas ceisteanna a chur faoi chlaonadh gnéis agus féiniúlacht inscne i suirbhéanna/daonáirimh, mar a mholtar sa straitéis óige LADTI+[16].

13 *Guidelines on Improving the Collection and Use of Equality Data,* an Foghrúpa Comhionannais, an Grúpa Ardleibhéil ar Neamh-Leithcheal, Comhionannas agus Éagsúlacht, an Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, an Bhruiséil, 2018.

14 https://www.cso.ie/en/methods/methodologicalresearch/rp-eda/equalitydataaudit2020/

15 https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities-2.html

16 Beart 15 den Straitéis Náisiúnta Óige LADTI+ 2018-2020, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

# 3.5 Sláinte agus Cúram Sóisialta

Tá sláinte agus cúram sóisialta ríthábhachtach d'fholláine an duine aonair. Tá an tseirbhís sláinte ar cheann de na réimsí is mó ina gcaitear airgead poiblí. Is réimse casta í ina bhfuil soláthraithe éagsúla (poiblí, deonacha agus príobháideacha); cúram poiblí agus cúram príobháideach; agus cúram príomhúil, cúram géarmhíochaine ospidéil, athshlánú agus soláthar cúraim fhadtéarmaigh. Cuimsítear leis an tseirbhís sláinte choirp agus meabhairshláinte, agus cúram sóisialta. Beidh cur chuige láidir i leith bailiú, anailísiú agus bainistiú sonraí mar bhonn agus mar thaca ag soláthar ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta[17].

Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta trí bhearta cosúil le córas cuntas sláinte náisiúnta a tháirgeadh, reachtaíocht maidir le haitheantóir sláinte aonair agus mol sonraí comhtháite a bheith ann chun monatóireacht a dhéanamh ar an bpaindéim COVID-19, tá bearnaí móra ann fós sa bhonneagar sonraí, agus níor glacadh straitéis fhoirmiúil sonraí i leith an réimse sláinte go fóill.

I measc na mbearnaí sonraí atá tábhachtach i leith beartais agus pleanála tá siad seo a leanas:

- easpa faisnéis chuimsitheach ar ghníomhaíocht agus torthaí san earnáil phríobháideach[18] (lena n-áirítear faisnéis faoi oidis dochtúra) agus ó chúram príomhúil, go háirithe Cleachtas Ginearálta;
- cé go bhfuil faisnéis ar fáil faoi bhabhtaí a chaith daoine san ospidéal tríd an Scéim um Fhiosrúchán maidir le hOthar Cónaitheach Ospidéil (HIPE), toisc nár glacadh go forleathan an tAitheantóir Sláinte Aonair ní féidir teagmhais a nascadh le chéile ar fud earnálacha éagsúla cúraim sláinte, m.sh. babhtaí san ospidéal a nascadh le teagmhais san earnáil cúraim phríomhúil; agus
- easpa sonraí faoin lucht saothair amhail líon na mball foirne in eagraíochtaí a thagann faoi Alt 39[19] agus san earnáil phríobháideach, agus líon na ndaoine atá cáilithe agus ag obair (coibhéisí lánaimseartha) i sainréimsí éagsúla teiripe.

Ó bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in 2004, rinneadh athailíniú cúpla uair ar aonaid gheografacha. Faoi láthair tá naoi n-aonad de chuid na hEagraíochta Sláinte Pobail ann chun cúram pobail agus cúram sóisialta a sholáthar, in éineacht le grúpaí ospidéal a bhfuil limistéir gheografacha dhifriúla faoina gcúram. Tá sé beartaithe iad sin a chuíchóiriú ina sé Limistéar Sláinte Réigiúnacha. Tá sé tábhachtach go n-eagrófaí na struchtúir a sholáthraíonn seirbhísí sláinte sa chaoi is gur féidir leas a bhaint as an mórbhonneagar staidrimh náisiúnta amhail an Daonáireamh agus foinsí eile faisnéise atá ríthábhachtach i leith pleanáil sláinte agus soláthar seirbhísí sláinte. Tugann an Bord Náisiúnta Staidrimh dá aire an cinneadh a chinntiú go ndéanfar ailíniú geografach lena dtacófar le pleanáil phobalbhunaithe.

Aithníonn an Bord an nuálaíocht a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoin bpaindéim COVID-19 agus faoin ról ríthábhachtach atá ag an Oifig maidir le sonraí a thiomsú trí bhonneagar slán dlí a sholáthar faoin Acht Staidrimh, 1993 lena gceadaítear comhaid sonraí sláinte a nascadh chun tacú leis an ngrúpa um shamhaltú eipidéimeolaíoch. Molann an Bord go ndéanfadh an Oifig, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, iniúchadh ar an gcaoi ar féidir léi tógáil ar an taithí a fuarthas le linn na paindéime. Go háirithe, ba cheart an measúnú sin a dhíriú ar an acmhainneacht atá ag an Oifig ó thaobh cur le raon na n-aschur, na dtáirgí agus na seirbhísí is féidir léi a sholáthar ar fud an mhór-réimse sláinte, m.sh. cúram sláinte, stádas sláinte, tosca sláinte agus sonraí níos tráthúla maidir le teagmhais bheatha. Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh an Oifig leis an ról lárnach atá aici chun úsáid éifeachtach sonraí sláinte a chumasú tuilleadh san am atá le teacht agus molann an Bord gur cheart dóthain acmhainní a leithdháileadh chun é sin a éascú.

17 Straitéis Chur i bhFeidhm Sláintecare https://assets.gov.ie/9914/3b6c2faf7ba34bb1a0e854cfa3f9b5ea.pdf
18 Tá árachas sláinte príobháideach ag 43% den daonra. https://publicpolicy.ie/papers/private-health-insurance-in-ireland-market-penetration-and-lifetime-community-rating-reforms/
19 Baineann eagraíochtaí a thagann faoi Alt 39 le Gníomhaireachtaí Neamh-Ghéarmhíochaine/Pobail a fhaigheann maoiniú faoi Alt 39 den Acht Sláinte, 2004.

Molann an Bord freisin go dtabharfaí chun críche an Straitéis Sonraí Sláinte (lena gcuimsítear cúram sóisialta) faoi lár na bliana 2022, go bhforbrófaí plean feidhmithe chun an straitéis sin a chur i bhfeidhm, a mbeidh amlínte agus freagrachtaí ag gabháil leis; go gcuirfeadh an Roinn Sláinte agus an Oifig tuarascáil bhliantúil ar fáil i gcomhpháirt le chéile maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil leis an straitéis sin a chur i bhfeidhm; agus go ndéanfaí an straitéis a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2027.

**Mol Sonraí COVID-19**

An mol sonraí COVID-19 a bunaíodh i Márta 2020 chun tacú le comhoibriú staidrimh idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le Grúpa Comhairleach na hÉireann um Shamhaltú Eipidéimeolaíoch (IEMAG), a thagann faoi chúram NPHET, atá sé ar fáil anois do thaighdeoirí sláinte ó institiúidí acadúla chun anailís staitistiúil ar ghnéithe de COVID-19 a éascú.

Dúshlán a bhí le sárú i leith an taighde sláinte go dtí seo is ea nach bhfuil bonneagar cuimsitheach ann chun rochtain shlán a fháil ar shonraí, iad a stóráil, a chomhroinnt agus a nascadh i gcás sonraí sláinte, sonraí cúraim shóisialta agus sonraí gaolmhara a bhailítear go rialta, rud a fhágann go gcuirtear moill mhór ar staidéir a bhaineann le beartas nó nach dtugtar chun críche iad. I bhfoilseachán ón mBord Taighde Sláinte i mBealtaine 2016, cuireadh in iúl go bhfuil na deacrachtaí sin ann maidir le taighde sláinte agus moladh leas a bhaint as samhail RSCNS (rochtain ar shonraí, stóráil, comhroinnt agus nascadh sonraí).

Tá an dearcadh ann i leith an mhoil sonraí COVID-19 go léiríonn sé coincheap RSCNS agus, cé go bhfuil sé teoranta do thaighde agus sonraí a bhaineann le COVID-19, ba cheart breathnú ar na prionsabail, na próisis agus na cosaintí a cuireadh i bhfeidhm i gcomhthéacs féachaint chuige gur féidir tacar níos leithne sonraí sláinte agus cúraim shóisialta a chomhroinnt, a rochtain agus a nascadh, mar is gnách i bhformhór na dtíortha Eorpacha.

**Conclúidí agus Moltaí**


Na príomhchonchlúidí a luaitear sa chaibidil seo, baineann siad le monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe móra atá ar bun ó thaobh an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair. Ní mór don Oifig a chinntiú go bhfuil sí ag freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí, agus ag teacht chun tosaigh orthu más féidir é, chun cabhrú le lucht déanta beartas agus chun eolas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Is iad seo a leanas réimsí tábhachtacha gníomhaíochta na hOifige, ag obair di i gcomhar le gníomhaireachtaí de chuid na hearnála poiblí:

**Téama 1:**
- Tacair sonraí a nascadh agus leibhéal níos doimhne mionsonraí a chur ar fáil sa réimse comhshaoil;

**Téama 2:**
- Freagairt do mhórathruithe ar an ngeilleagar agus ar an mbealach a bhfuil cúrsaí gnó ag athrú chun léargas ceart a thabhairt ar an méid atá ag tarlú;
- Léargas a thabhairt ar na hathruithe atá ag teacht ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh saothair agus cáilíocht na fostaíochta, agus monatóireacht a dhéanamh orthu;

**Téama 3:**
- Sonraí a chur ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí maidir le folláine agus comhtháthú sóisialta; agus
- Leathnú a dhéanamh ar raon na n-aschur, na dtáirgí agus na seirbhísí is féidir léi a sholáthar ar fud an mhór-réimse sláinte. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Roinn Sláinte bonneagar cuimsitheach a fhorbairt i ndáil le sonraí sláinte agus sonraí gaolmhara.

# 4.
# Dul i nGleic leis na Dúshláin



# 4. Dul i nGleic leis na Dúshláin

Sa chaibidil seo, déanann an Bord machnamh ar na dúshláin a leagadh amach i gCaibidil 2 agus molann sé gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leo. Baineann na dúshláin sin leis an méid seo a leanas:

- **Rialachas Sonraí**
- **Foinsí Sonraí**
- **Riachtanais Úsáideoirí**
- **Cáilíocht Sonraí**
- **Saineolas**
- **Maoirseacht Sonraí**

## 4.1 Rialachas Sonraí

### 4.1.1 Rúndacht Sonraí agus Príobháideacht Sonraí

Is croíluach de chuid na hOifige í an rúndacht[20] agus tá sí mar bhunús le feidhmiú na hoifige. Agus faisnéis á soláthar don Oifig, tugtar ráthaíocht don té lena mbaineann sí go gcosnófar an fhaisnéis a sholáthraítear ag gach céim den phróiseas staidrimh, toisc go bhfuil áirithiú dlíthiúil na rúndachta ina bhunchloch i leith staidreamh oifigiúil faoin Acht Staidrimh, 1993.

"Cuirimid na caighdeáin is airde i bhfeidhm i ndáil le rúndacht agus príobháideacht sonraí. Cloímid le téarmaí an Achta Staidrimh, 1993 agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Dearbhaímid faoin dlí nach n-úsáidfimid sonraí ach amháin chun críocha staidrimh"

***Ráiteas Straitéise na Príomh-Oifige Staidrimh 2020-2023***

Os a choinne sin, nuair a bhíonn faisnéis phearsanta á nochtadh do chuideachtaí na hearnála príobháidí, b'fhéidir nach bhfeicfidh daoine go bhfuil an dara rogha acu i ndáiríre agus iad ag roghnú úsáid a gcuid sonraí a cheadú; is iomaí cás nach féidir an cineál rogha sin a sheachaint chun leas a bhaint as aip nó seirbhís, agus b'fhéidir go measann daoine gur cúiteamh í an tseirbhís a fhaigheann siad as ucht cead a thabhairt a gcuid sonraí a úsáid. Ní hionann rúndacht na sonraí a bhailíonn an Oifig chun críocha staidrimh agus príobháideacht sonraí a chuireann cuideachtaí san earnáil phríobháideach ar fáil; ní coinníoll a gcaithfidh an té is ábhar na sonraí glacadh leis is ea an rúndacht maidir le sonraí a chuirtear ar fáil don Oifig, is amhlaidh go bhfuil sí ráthaithe le dlí.

Measann an Bord go bhféadfadh sé gurb é an tiomantas iomlán seo do rúndacht agus do phríobháideacht an duine aonair, atá cumhdaithe sa dlí, an chúis is mó a n-éiríonn go geal leis an Oifig agus í ag bailiú sonraí suirbhé agus sonraí daonáirimh le blianta fada anuas. Mar sin féin, tá impleachtaí ag an díospóireacht phríobháideachta maidir le húsáid chuí foinsí sonraí, idir shonraí riaracháin agus sonraí príobháideacha, don Oifig agus don staidreamh oifigiúil. Tá an baol ann nach mbainfear an leas is fearr is féidir as go leor foinsí sonraí tánaisteacha mar gheall ar imní a bheith ar dhaoine faoin bpríobháideacht. Ar an lámh eile, tá an baol ann freisin go bhféadfaí dochar a dhéanamh do mhuinín an phobail sa staidreamh oifigiúil má bhraitear gur sárú ar phríobháideacht é úsáid a bhaint as foinsí sonraí riaracháin nó sonraí príobháideacha, fiú má úsáidtear iad chun críocha staidrimh amháin de réir reachtaíocht staidrimh agus reachtaíocht maidir le cosaint sonraí.

20 Luaitear i bPrionsabal 6 de Bhunphrionsabail na Náisiún Aontaithe um an Staidreamh Oifigiúil, i gcás sonraí faoi dhuine aonair a bhailíonn gníomhaireachtaí staidrimh le haghaidh tiomsú staidrimh, cibé acu is tagairt do dhaoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha iad, nach mór dóibh a bheith faoi rún daingean agus nach mór iad a úsáid chun críocha staidrimh amháin.

Measann an Bord gurb é an dúshlán atá roimh an Oifig ná déanamh amach conas aird a dhíriú ar na buntáistí a bhaineann le cur leis an úsáid a bhaintear as foinsí malartacha sonraí, amhail sonraí riaracháin agus bailiúcháin phríobháideacha sonraí, chun críocha staidrimh agus é a chur ina luí ar an bpobal an tráth céanna go bhfuil na caighdeáin rúndachta is airde fós i bhfeidhm agus fós á rathú faoin dlí.

**Conclúidí agus moltaí:**

Aithníonn an Bord go bhfuil rúndacht sonraí ar cheann de na luachanna is tábhachtaí atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus molann sé, agus gá níos mó ann de réir a chéile dul i dtreo foinsí malartacha sonraí chun staidreamh oifigiúil a sholáthar, go músclóidh an eagraíocht sin feasacht faoina cuid luachanna a bhaineann le rúndacht agus leis an ráthaíocht dhlíthiúil a thugtar faoin Acht Staidrimh, 1993. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh an Oifig chun cinn muinín san eagraíocht agus go gcuirfidh sí in iúl go soiléir, i gcás na sonraí a bhailíonn sí nó a mbíonn rochtain aici orthu, nach féidir iad a úsáid ach chun críocha staidrimh amháin agus nach féidir céannacht duine aonair nó gnólachta a nochtadh choíche d'eagraíocht eile san earnáil phoiblí.

### 4.1.2 Cúrsaí Staidrimh agus an RGCS

Le hachtú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) in 2018, rinneadh athrú ar an mbealach a ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil agus athraíodh réimse an staidrimh oifigiúil. I gcás gníomhaíochtaí bailithe sonraí, ní mór bunús dlí a bheith leo agus ní mór dóibh a bheith comhréireach, riachtanach agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a bheith á chomhlíonadh ina dtaobh. Fágann sé sin go gcaithfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh a chinntiú go bhfuil na sonraí a fhaigheann sí riachtanach agus comhréireach, ag féachaint do na figiúirí comhiomlána staidrimh is gá a tháirgeadh. Tugtar aitheantas san RGCS d'úsáid sonraí chun críocha staidrimh[21] ach cosaintí iomchuí a bheith i bhfeidhm. Cuimsítear ann forálacha sonracha a bhaineann le staidreamh, lena gceadaítear sonraí a choinneáil chun críocha staidrimh agus tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu, i gcás ina bhfuarthas na sonraí ar dtús chun críche eile. Tá feidhm aige sin, mar shampla, i gcás sonraí riaracháin a úsáid chun staidreamh oifigiúil a thiomsú.

D'aithin an Bord, le linn a chomhairliúcháin chun an straitéis seo a threorú, go bhfuil gá i bhfad níos mó le soiléiriú a fháil maidir leis an bhfeidhm atá ag an RGCS maidir leis an staidreamh oifigiúil lena n-áirítear rochtain ar shonraí riaracháin agus sonraí den sórt sin a nascadh. Dealraíonn sé go bhfuil an cultúr athraitheach agus na hábhair éiginnteachta a bhaineann le cosaint sonraí, má fhágtar gan srian iad, ar cheann de na dúshláin is mó atá ag teacht chun cinn i leith an staidrimh oifigiúil in Éirinn, agus measann an Bord go bhféadfadh tionchar diúltach go maith a bheith ag an dúshlán sin ar an mbreisluach a sholáthraíonn an Oifig agus Córas Staidrimh na hÉireann agus léargas á thabhairt d'úsáideoirí acu ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí. De réir mar a mhéadaíonn an gá atá le comhroinnt sonraí ar fud eagraíochtaí rialtais, measann an Bord go bhfuil sé ríthábhachtach a bheith lánsoiléir maidir le cur i bhfeidhm an RGCS agus a chinntiú nach dtiocfaidh léirmhínithe éagsúla air chun cinn.

Aithníonn an Bord go gcaithfear cuid den tsoiléire sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ach measann sé go gcaithfear níos mó a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an RGCS agus an reachtaíocht um chosaint sonraí leis an Acht Staidrimh, 1993. Measann an Bord gurb é ról na hOifige é treoir agus dearbhú soiléir a sholáthar do chomhlachtaí poiblí agus iad ag soláthar faisnéise di[22], ionas nach mbeidh imní ar dhaoine faoi phríobháideacht sonraí. Ina theannta sin, molann an Bord gur cheart don Oifig agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí dul i gcomhairle le chéile i ndáil le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar tháirgeadh staidrimh oifigiúil, nuair is iomchuí agus is gá sin, go háirithe maidir le húsáid a bhaint as foinsí sonraí tánaisteacha.

21 Aithris 163, Airteagal 5 agus Airteagal 89; agus maoluithe ó Airteagail 15, 16, 17, 18, 19, 20 agus 21 nuair a bhíonn sonraí á n-úsáid chun críocha staidrimh.

22 https://www.cso.ie/en/aboutus/lgdp/csodatapolicies/informationfordataproviders/

**Conclúidí agus moltaí:**

Measann an Bord gur dúshlán i dtaobh an staidrimh oifigiúil in Éirinn is ea na cúiseanna neamhchinnteachta maidir le cosaint sonraí agus na tuiscintí éagsúla a chuireann eagraíochtaí i bhfeidhm i dtaobh an RGCS, agus molann sé:

- go soláthróidh an Phríomh-Oifig Staidrimh treoir agus dearbhú soiléir do chomhlachtaí poiblí agus iad ag soláthar faisnéise ionas nach mbeidh imní ar dhaoine faoi phríobháideacht sonraí; agus
- gur cheart don Phríomh-Oifig Staidrimh agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí dul i gcomhairle le chéile i ndáil le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar tháirgeadh staidrimh oifigiúil, nuair is iomchuí agus is gá sin, go háirithe maidir le húsáid a bhaint as foinsí sonraí tánaisteacha.

# 4.2 Foinsí Sonraí

## 4.2.1 Éileamh ar Shonraí

Measann an Oifig go bhfuil thart ar 60% dá haschur staidrimh forordaithe faoi cheanglais an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE). Cé go gcomhlíonann an chuid is mó de na haschuir sin ceanglais náisiúnta maidir le sonraí, d'fhéadfadh na hacmhainní atá i gceist chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh teorainn a chur leis an scóip chun táirgí staidrimh nua a fhorbairt nó ceisteanna a chur le suirbhéanna atá ann cheana chun freastal ar na riachtanais a bheidh ag úsáideoirí náisiúnta. Sa ról reachtúil atá aige maidir le comhairle a chur faoi acmhainní, molann an Bord go gcuirfí dóthain acmhainní ar fáil don Oifig chun sonraí a bhailiú (cibé acu ó fhoinsí sonraí riaracháin, suirbhéanna, daonáirimh nó teaglaim díobh siúd) chun freastal ar riachtanais náisiúnta ardtosaíochta. Ba cheart a áireamh leis an méid sin comhar le gníomhaireachtaí amhail NISRA chun tacú le cur chuige comhroinnte ar an oileán seo i leith staidreamh oifigiúil, nuair is iomchuí sin.

**Conclúidí agus moltaí:**

Sa ról reachtúil atá aige maidir le comhairle a chur faoi acmhainní, molann an Bord go gcuirfí dóthain acmhainní ar fáil don Oifig chun sonraí a bhailiú (cibé acu ó fhoinsí sonraí riaracháin, suirbhéanna, daonáirimh nó teaglaim díobh siúd) chun freastal ar riachtanais náisiúnta ardtosaíochta. Ba cheart a áireamh leis an méid sin comhar le gníomhaireachtaí amhail NISRA chun tacú le cur chuige comhroinnte ar an oileán seo i leith staidreamh oifigiúil, nuair is iomchuí sin.

## 4.2.2 Daonra agus Daonáirimh

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá athrú ag teacht ar an gcur chuige seanbhunaithe maidir le dul i mbun daonáirimh mar go bhfuil brú ar oifigí staidrimh freastal ar éilimh ar shonraí níos tráthúla, costais a laghdú agus dul i ngleic le deacrachtaí ó thaobh rátaí freagartha a bheith ag titim. Chun freagairt do na brúnna sin, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as sonraí riaracháin agus sonraí eile. Ina thaobh sin, tacaíonn an Bord leis an tionscadal píolótach atá beartaithe ag an Oifig maidir le daonáireamh riaracháin in 2021 agus le meastacháin thrialacha tosaigh ar an daonra a tháirgeadh in 2021, agus tá sé ag tnúth leis na ceachtanna a bheidh le foghlaim as an gcur chuige nua sin a úsáid.

Is príomhuirlis é an daonáireamh don phleanáil eacnamaíoch, shóisialta agus spásúil. Is díol spéise ginearálta é don phobal freisin. Soláthraíonn sé leibhéal mionsonraí agus faisnéise geografaí faoi thréithe an phobail nach mbaineann ach le líon réasúnta beag daoine, ar faisnéis í nach mbaileofaí ar bhealach a bhféadfaí brath air murach sin. Measann an Bord gurb amhlaidh, cé go mbeidh an daonáireamh fós ina bhunchloch ó thaobh na sonraí a bhaileoidh an Oifig

sa mheántéarma, go bhféadfadh torthaí chomh hiontaofa céanna a bheith le fáil, ar bhealach níos tráthúla agus ar chostas níos ísle, trí chur chuige measctha ina mbainfí úsáid as sonraí riaracháin le tacaíocht ó mhórshuirbhé ar líonta tí. Ba cheart don Oifig an cur chuige sin a iniúchadh i gcomhairle leis an mBord.

Ní mór don Oifig measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige oibríochtúil a bheidh aici i leith daonáirimh a reáchtálfar amach anseo, ag féachaint chun cinn go dtí 2026 agus níos faide anonn. Tacaíonn an Bord le modh ilmhódach chun sonraí daonáirimh a bhailiú amach anseo, lena n-áirítear roghanna idirlín agus, dá réir sin, molann sé go ndéanfadh an Oifig machnamh ar a straitéis néalríomhaireachta chun ról na néalseirbhísí san eagraíocht feasta a mheas.

Tá sé i gceist ag an mBord seimineár a reáchtáil sa dara leath de 2021 maidir lena bhfuil i ndán don daonáireamh in Éirinn.

**Conclúidí agus moltaí:**

Ní mór don Oifig measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige oibríochtúil a bheidh aici i leith daonáirimh a dhéanfar amach anseo, ag féachaint chun cinn go dtí Daonáireamh na bliana 2026 agus níos faide anonn. Tacaíonn an Bord le modh ilmhódach chun sonraí daonáirimh a bhailiú amach anseo, lena n-áirítear roghanna idirlín agus, dá réir sin, molann sé go ndéanfadh an Oifig machnamh ar a straitéis néalríomhaireachta chun ról na néalseirbhísí san eagraíocht feasta a mheas.

### 4.2.3 Foinsí Tánaisteacha Sonraí – Sonraí Riaracháin


Na dúshláin atá leagtha amach i gCaibidil 2, dírítear aird leo ar a thábhachtaí atá sé úsáid foinsí sonraí tánaisteacha[23] a chuimsiú agus staidreamh oifigiúil á tháirgeadh, ach is gá á chinntiú go ndéanfar na foinsí sin a chumasc go héifeachtach le sonraí ó dhaonáirimh agus suirbhéanna.

Leis an úsáid nuálach a bhain an Oifig as sonraí riaracháin chun freastal ar na riachtanais bhreise sonraí ar feadh na paindéime COVID-19, leagadh béim ar an deis atá ann na foinsí sonraí sin a nascadh chun aschuir thráthúla, atá cothrom le dáta, a sholáthar ar mhaithe le freastal ar riachtanais lucht déanta beartas agus chun an pobal a choinneáil ar an eolas. Measann an Bord go mbeidh an beart nuálach sin ina príomhghné de Córas Staidrimh na hÉireann amach anseo agus, chun tacú leis sin, gur cheart struchtúr cuí a chur ar shonraí riaracháin eagraíochtaí lena chinntiú go mbeidh na sonraí oiriúnach lena n-úsáid ar bhealach tráthúil, éifeachtúil. Caithfidh na rudaí seo a leanas tarlú:

- Ní mór an BSN a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar an gclúdach a dhéantar ar aitheantóirí uathúla, go háirithe an tÉirchód, ar chomhaid sonraí riaracháin. Cuideoidh sé sin le nascadh éifeachtach a dhéanamh idir sonraí, rud a sholáthróidh an leibhéal mionsonraí is gá, lena n-áirítear mionsonraí geografacha agus léargas geografach.
- Tá ról lárnach ag an Oifig maidir le caighdeáin agus aicmithe comhchoiteanna sonraí i leith sonraí riaracháin a chur i bhfeidhm ar fud eagraíochtaí rialtais. Is minic gur seachtháirge de chóras atá deartha chun seirbhís a sholáthar é an bailiú sonraí a dhéanann eagraíochtaí rialtais agus eagraíochtaí maoinithe, agus dá bharr sin tá córais scoite TF tagtha chun cinn a bhfuil tacair sonraí dínasctha iontu nach féidir a úsáid go héifeachtach chun sonraí a chur i gcomparáid agus a chumasc. Measann an Bord gur cheart do CEPanna a bheith ag obair leis an Oifig ar chéimeanna praiticiúla chun cur le luach a gcuid sonraí chun críocha staidrimh agus chun brú ar aghaidh leis na hathruithe nach mór a dhéanamh ar a gcórais chun an méid sin a bhaint amach. Ach sonraí níos fearr a bheith ann, féadfar feabhas a chur ar an gcinnteoireacht inmheánach sna comhlachtaí sin agus freastal ar riachtanais an mhórbheartais phoiblí.

23 Is éard is sonraí tánaisteacha ann faisnéis a bhailítear chun críche seachas staidreamh oifigiúil a ghiniúint, amhail bailiúcháin sonraí riaracháin nó bailiúcháin phríobháideacha ollsonraí. Os a choinne sin, is éard is sonraí príomhúla ann ná faisnéis a bhailítear go sonrach chun críche staidreamh oifigiúil, trí shuirbhé de ghnáth.

Sampla maith den bhuntáiste a bhaineann le sonraí riaracháin a chuimsiú le sonraí a bhailítear chun críocha staidrimh is ea Saol Uirbeach agus Saol Tuaithe in Éirinn 2019[24], foilseachán ón Oifig, ina scrúdaítear tréithe sóisialta agus eacnamaíocha an tsaoil in Éirinn ag baint úsáid as sonraí ón Oifig agus as foinsí sonraí riaracháin ó na Coimisinéirí Ioncam, an Roinn Coimirce Sóisialaí, FSS, an Bord Tionóntachtaí Cónaithe agus Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI). Déantar scrúdú sa tuarascáil ar théamaí mar ioncam, tithíocht, sláinte, oideachas agus patrúin chomaitéireachta agus leas á bhaint as aicmiú uirbeach/tuaithe.




***Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann***

**Conclúidí agus moltaí:**

Creideann an Bord go bhfuil sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as foinsí sonraí riaracháin chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an staidreamh oifigiúil amach anseo, agus molann sé an méid seo a leanas:

- go bhforbróidh an Phríomh-Oifig Staidrimh caighdeáin, rialacha agus treoirlínte chun rialú a dhéanamh ar aicmiú, stóráil agus bainistiú sonraí ar fud eagraíochtaí rialtais; agus go spreagfaidh sí go gcuirfear i bhfeidhm aicmithe agus caighdeáin choiteanna sonraí, agus béim ar leith á leagan ar réimsí straitéiseacha beartais agus caiteachais, amhail sláinte, oideachas agus coimirce shóisialach; agus
- gur cheart struchtúr cuí a chur i bhfeidhm ar shonraí riaracháin na n-eagraíochtaí rialtais lena chinntiú go mbeidh a gcuid sonraí oiriúnach lena n-úsáid chun críocha staidrimh ag an eagraíocht féin agus ag Córas Staidrimh na hÉireann trí chéile ar bhealach tráthúil, éifeachtúil. Ba cheart do na heagraíochtaí sin gealladh go gcuirfidh siad ar bhealach praiticiúil le luach a gcuid sonraí agus go mbeidh siad ag comhoibriú leis an Oifig chun gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hathruithe a bhrú chun cinn a bheidh de dhíth chun a gcórais a dhearadh nó a oiriúnú.

## 4.2.4 Foinsí Tánaisteacha Sonraí – Ollsonraí

Cé gur iomaí sainmhíniú atá ann ar 'ollsonraí', agus toirt, éagsúlacht agus treoluas á nglacadh mar phointe tosaigh leo go minic, ó thaobh Chóras Staidrimh na hÉireann meastar gurb ionann ollsonraí agus aon fhoinsí sonraí a thugann dúshlán na dtimpeallachtaí seanbhunaithe próiseála

24 https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-urli/urbanandrurallifeinireland2019/

staidrimh[25]. In 2017 bhunaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh Aonad um Fhorbairt Ollsonraí a bhfuil sé beartaithe aici é a leathnú de réir mar a shainaithnítear luach na n-ollsonraí agus a mbaintear leas as.

Measann an Bord go bhfuil ról luachmhar ag na foinsí ollsonraí sin ó thaobh tiomsú staidrimh oifigiúil sa todhchaí, agus molann sé don Oifig na deiseanna a thapú atá ann mar gheall go bhfuil na foinsí sonraí sin ag dul i méid, mar shampla sonraí ó scanóirí[26], intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, agus cnuaschóipeáil ón ngréasán. D'fhéadfadh na sonraí sin éascú do tháirgeadh tráthúil a dhéanamh ar tháirgí staidrimh ábhartha, nuálacha agus an acmhainn a mhéadú i dtaobh léargas úr a thabhairt. D'fhéadfadh sé a bheith ina phríomhchéim freisin san iarracht atá á déanamh ag an Oifig a bheith fós ábhartha i dtimpeallacht ina mbíonn breis foinsí sonraí seasta ag teacht ar an bhfód.

Tá go leor samplaí ann de thionscadail staidrimh atá bunaithe ar fhoinsí ollsonraí m.sh. foilsíonn an Roinn Airgeadais an cháipéis *Emerging economic developments – real-time economic domestic indicators,* a thiomsaítear le sonraí fíor-ama a sholáthraíonn Revolut agus LinkedIn don Roinn; d'fhoilsigh an OECD páipéar in 2020 ag baint úsáid as samhail chun tuar reatha a dhéanamh ar an bhfás seachtainiúil ar an OTI, ar bhonn Google Trends[27]. Úsáideann an Oifig sonraí braiteoirí tráchta de chuid Bhonneagar Iompair Éireann agus sonraí na nÚdarás Calafoirt chun táscairí staidrimh a chur ar fáil maidir le trácht ar bhóithre agus sna calafoirt. Mar fhreagairt do COVID-19, thosaigh Banc Ceannais na hÉireann ag bailiú agus ag foilsiú figiúirí laethúla faoin úsáid a bhaintear as cártaí creidmheasa agus cártaí dochair, anuas ar na sonraí míosúla a bhíodh á dtáirgeadh acu roimhe sin. Is táscaire luath iad na sonraí idirbhearta ardmhinicíochta sin maidir le tomhaltas líonta tí agus maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch.

Leis *an tSraith Ceannródaíochta* de chuid na hOifige, a thiomsaítear ag úsáid modhanna úra atá á bhforbairt agus/nó a bhaineann leas as foinsí sonraí neamhiomlána, is féidir leis an Oifig faisnéis nua úsáideach a sholáthar d'úsáideoirí agus aiseolas eolach a fháil ar na modhanna agus na haschuir nua sin, agus é á chinntiú aici an tráth céanna go mínítear agus go dtuigtear na srianta a bhaineann leis an gcur chuige sin. Ceann de na tuarascálacha ba dhéanaí sa tsraith is ea an tuarascáil ar shoghluaisteacht le linn COVID-19, inar baineadh úsáid as sonraí daoine atá cláraithe le Three Ireland Mobile, agus na sonraí sin comhiomlánaithe agus gan ainm ag gabháil leo.

**An tSraith Ceannródaíochta CSO um léargas ar COVID-19: Soghluaisteacht le linn na Paindéime**

Trí leas a bhaint as sonraí daoine a úsáideann Three Ireland Mobile agus a soláthraíodh don Roinn Sláinte, ar sonraí iad atá comhiomlánaithe agus gan ainm ag gabháil leo agus nach n-úsáidtear ach chun bonn eolais a chur faoin bpaindéim COVID-19, is féidir le tionscnamh Táscaire Fanacht sa Chóngar de chuid na hOifige meastacháin laethúla a sholáthar ar chéatadáin na ndaoine sna contaetha éagsúla a d'fhan laistigh de 10 km dá mbaile, ar an meán, thar na seacht lá roimhe sin.

Faigheann an Oifig na sonraí sin agus déanann sí bainistíocht orthu thar ceann na Roinne Sláinte. Ní sholáthraíonn Three Ireland ach sonraí comhiomlána agus ní bhíonn rochtain ag an Roinn Sláinte ná ag an Oifig ar shonraí pearsanta ná ar ghluaiseachtaí daoine aonair ag am ar bith. Tugann aschuir na hanailíse sin léargas tábhachtach do lucht déanta cinntí agus don phobal tráth a bhfuil paindéim dhomhanda ar bun.

25 *'Undefined By Data: A Survey of Big Data Definitions'*, Jonathan Stuart Ward agus Adam Barker, Scoil na Ríomheolaíochta, Ollscoil Chill Rìmhinn, an Ríocht Aontaithe https://arxiv.org/pdf/1309.5821.pdf https://statswiki.unece.org/display/bigdata/Big+Data+in+Official+Statistics

26 Tugtar 'sonraí scanóra' ar idirbhearta barrachóid ag an díolphointe lena ndéantar taifead uathoibríoch ar an gcainníocht atá á díol agus ar an bpraghas a íoctar ar gach earra. Baineadh úsáid as na sonraí sin chun an Praghasinnéacs Tomhaltóirí a tháirgeadh ina lán tíortha Eorpacha agus is sampla maith iad den athrú atá tagtha i réim ó fhaisnéis a bhailiú ag úsáid cur chuige seanbhunaithe allamuigh go dtí leas a bhaint as foinsí malartacha (sonraí scanóra go príomha agus sonraí cnuaschóipeáilte ón ngréasán i gcásanna áirithe).

27 (Woloszko 2020) *Tracking GDP using Google Trends and machine learning: A new OECD model*

Is féidir leis a bheith deacair rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí príobháideacha agus molann an Bord go rachadh an Oifig i dteagmháil le soláthraithe ollsonraí san earnáil phríobháideach chun rochtain a fháil ar na sonraí sin, agus go ndéanfadh sí idirphlé leanúnach leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cosaint sonraí, nuair is gá. Molann an Bord freisin go gcoinneoidh an Oifig lena hiarrachtaí ar leibhéal na hEorpa maidir le rochtain ar bhailiúcháin sonraí príobháideacha chun críocha staidrimh. Ní mór don Oifig a chur in iúl go soiléir don phobal freisin, agus foinsí sonraí den sórt sin á n-úsáid, cén chaoi a n-úsáidfear na sonraí sin agus a gcoinneofar faoi rún iad mar a ráthaítear faoin Acht Staidrimh. Ina theannta sin, ó thaobh cháilíocht sonraí de, tá sé tábhachtach é a shoiléiriú, mar is amhlaidh i gcás na sonraí go léir nach mbailítear chun sainchuspóra an staidrimh oifigiúil, go bhféadfadh sé nár mhór na foinsí sonraí sin a athbhreithniú agus teicnící agus modheolaíochtaí staidrimh iomchuí á gcur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach chun críocha staidrimh.

**Conclúidí agus moltaí:**

Measann an Bord go bhfuil ról luachmhar ag foinsí ollsonraí i mbailiúcháin phríobháideacha ó thaobh tiomsú staidrimh oifigiúil sa todhchaí, agus molann sé don Phríomh-Oifig Staidrimh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun a Aonad um Fhorbairt Ollsonraí a leathnú, ar mhaithe lena léiriú go mbaineann breisluach leo i leith an staidrimh oifigiúil;
- dul i gcomhairle le soláthraithe ollsonraí chun rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí príobháideacha chun críocha staidrimh; agus
- idirphlé leanúnach a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cosaint sonraí, nuair is gá.

### 4.2.5 An Bonneagar Sonraí Náisiúnta a leabú tuilleadh

Aithníonn an Bord an tábhacht atá le tionscadail fiosraithe CSO. Tionscadail taighde atá i gceist leo sin, a bhaineann le beartas agus ina dtugtar le chéile sonraí ón Oifig agus ó fhoinsí riaracháin. Ní hé amháin go dtugann siad léargas breise i réimsí ar leith, ach léiríonn siad freisin an luach a bhaineann leis an BSN a úsáid chun foinsí éagsúla sonraí a nascadh. Molann an Bord go leanfaidh an Oifig, comhlachtaí na hearnála poiblí agus páirtithe leasmhara eile ag aithint tionscadail taighde úsáideacha ina mbaintear leas as tacair sonraí nasctha, agus lena gcuirtear leis an tuiscint atá againn ar na buntáistí a bhaineann le sonraí a nascadh ar an gcaoi sin.

**Tionscadail Fiosraithe**

Ba sa bhliain 2018 a foilsíodh an chéad tionscadal fiosraithe, a bhí dírithe ar thorthaí oideachais tríú leibhéal i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Ardoideachais, agus ó shin i leith bhíothas in ann leas a bhaint as an BSN chun cuidiú le taighde a bhaineann le beartas i réimsí lena n-áirítear oideachas iar-bhunscoile; próifíliú geografach ioncaim; an saol uirbeach agus saol na tuaithe in Éirinn agus go leor eile.

Is é an tionscadal fiosraithe is déanaí, ar bhféidir tabhairt faoi a bhuí leis an BSN, an obair atá ar bun ag an bPríomh-Oifig Staidrimh mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19. Rinne an Oifig cónascadh idir foinsí nua sonraí sláinte agus cinn a bhí aici cheana, agus aitheantóirí comhchoiteanna á n-úsáid aici, rud a chuidigh Mol Taighde Sonraí COVID-19 a bhunú. Cuireann an Mol sin ar a gcumas do shaineolaithe speisialaithe, amhail iadsan a bhfuil saineolas acu ar an eipidéimeolaíocht agus ar ábhair ghaolmhara, comhoibriú le rannóga na hOifige chun anailís a dhéanamh ar fhoinsí íogaire sonraí sláinte i dtimpeallacht shábháilte. Cuidíonn an obair sin le stiúir a thabhairt maidir le dul i ngleic leis an bpaindéim agus tacú leis na riachtanais a bhíonn ag NPHET i dtaobh sonraí.

Príomhghné eile den BSN is ea aitheantóir uathúil gnó a fhorbairt lena n-éascófar don nascadh éifeachtach idir sonraí gnó ar fud CEPanna nuair a cheadaítear sin faoin reachtaíocht. Nuair a chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm é, is uimhir riaracháin a bheidh i gceist leis an Aitheantóir Uathúil Gnó lena ndéanfar nasc idir an clárú i gcomhair cánach a rinne cuideachta cheana, sonraí faoin gcáin bhreisluacha nó an uimhir a shannann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Ba mhór ag an mBord é céim a haon de thionscadal an aitheantóra uathúil gnó a bheidh tugtha chun críche agus curtha i bhfeidhm faoi dheireadh 2021.

Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a chur le bailiúcháin sonraí na hearnála poiblí, ach ní fhacthas an dul chun cinn céanna maidir leis an Éirchód. Mar thoradh air sin, tá feidhmiúlacht an BSN, go háirithe na sonraí geografacha, teoranta go mór mar gheall nach bhfuil Éirchód curtha leis don phobal go léir. Measann an Bord go dteastaíonn tiomantas níos láidre ó CEPanna chun feabhas a chur ar áireamh an Éirchóid i mbailiúcháin sonraí atá ag eagraíochtaí poiblí.

Chomh maith leis an gceannaireacht a theastaíonn ar an leibhéal is airde in eagraíochtaí poiblí, measann an Bord go bhfuil ról Thacadóirí an BSN i ngach roinn rialtais ina ghné thábhachtach den fhorbairt bhreise a dhéanfar ar an BSN. Mar is amhlaidh i gcás na mball foirne staidrimh ar iasacht, is maith an riocht ina bhfuil Tacadóirí an BSN chun spreagadh a thabhairt do na tionscnaimh a theastaíonn chun an Bonneagar Sonraí Náisiúnta a chur i bhfeidhm trí aird a dhíriú ar an luach a bhaineann le haitheantóirí uathúla agus aicmithe comhchoiteanna ar bhailiúcháin sonraí. Éilíonn sé ar na tacadóirí iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá le tapú chun feabhas a chur ar áireamh na n-aitheantóirí sin i gcórais agus próisis riaracháin. Ina theannta sin, tá ról straitéiseach ag grúpa tacadóirí an BSN maidir le tionscadail fiosraithe a aithint chun tacú le ceapadh beartais agus maidir le rannpháirtíocht ghníomhach ar fud an chórais a chur chun cinn i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le comhroinnt agus anailísiú sonraí.

**Conclúidí agus moltaí:**

Measann an Bord gur maith an riocht ina bhfuil tacadóirí an BSN chun spreagadh a thabhairt do na tionscnaimh a theastaíonn chun an Bonneagar Sonraí Náisiúnta a chur i bhfeidhm trí aird a dhíriú ar an luach a bhaineann le haitheantóirí uathúla agus aicmithe comhchoiteanna ar bhailiúcháin sonraí. Éilíonn sé ar na tacadóirí iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá le tapú chun feabhas a chur ar chlúdach na n-aitheantóirí sin ar chórais agus próisis riaracháin.


Is mór ag an mBord go bhfuil Aitheantóir Uathúil Gnó á fhorbairt ag na Coimisinéirí Ioncaim agus molann sé go ndéanfar céim a haon de thionscadal na n-aitheantóirí sin a chríochnú agus a chur i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2021.

Aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann le tionscadail fiosraithe na Príomh-Oifige Staidrimh i leith an BSN a fhorbairt agus tá sé á mholadh aige go leanfaidh an Oifig, comhlachtaí na hearnála poiblí agus páirtithe leasmhara eile ag aithint tionscadail taighde

### 4.2.6 Bailiú an Éirchóid ar Bhailiúcháin Sonraí na hEarnála Poiblí a chur chun cinn


Ceann de na hiarrataí is rialta a fhaigheann an Oifig ó lucht déanta beartas, taighdeoirí agus an pobal i gcoitinne ná staidreamh a tháirgeadh ar leibhéil gheografacha éagsúla, m.sh. contae nó toghcheantar. Beidh an freastal a dhéanfar ar an éileamh sin ag brath go mór ar a mhéid a eagraíonn agus a ghabhann córais riaracháin a gcuid sonraí, agus measann an Bord go n-éascófaí go mór do sholáthar staidrimh oifigiúil arna mhiondealú de réir ceantair nó réigiúin ach an tÉirchód a bhailiú agus a chur san áireamh i mbailiúcháin sonraí na hearnála poiblí. Nuair a shanntar Éirchód, tugtar aitheantóir suímh uathúil do gach seoladh líon tí nó seoladh gnó agus, toisc go bhfuil os cionn 35% de na seoltaí in Éirinn nach cinn uathúla iad, is féidir láthair na seoltaí sin a shainaithint go cruinn ach an tÉirchód a bhailiú.

Sampla de na rudaí is féidir a dhéanamh a bhuí leis an Éirchóid is ea *Achar go dtí seirbhísí laethúla in Éirinn*, foilseachán de chuid na hOifige ina ndéantar anailís ar cé chomh gar nó chomh fada a chónaíonn daoine in Éirinn ó shaoráidí laethúla (amhail scoileanna, ospidéil, seirbhísí iompair phoiblí agus oifigí poist) agus ina dtugtar léargas ar na difríochtaí idir an bhfáil a bhíonn ar sheirbhísí ar an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil.




***Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann***

Sampla eile is ea *Próifílí Geografacha den Ioncam in Éirinn 2016*, foilseachán CSO ina ndéantar scrúdú ar ioncam in Éirinn de réir contae agus de réir toghcheantair i réimsí na tithíochta, na sláinte, an oideachais, na gairme agus na comaitéireachta.




***Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann***

Ach an tÉirchód a bhailiú go forleathan i gcórais riaracháin, beidh deis le tapú i dtaobh sonraí daoine aonair a eagrú ina líonta tí, rud atá ríthábhachtach chun tacú le daonáirimh a dhéanfar amach anseo. Chuideodh sé freisin le ranna rialtais sonraí riaracháin a fhoilsiú agus a anailísiú ar bhonn líon tí amach anseo in ionad sin a dhéanamh ar bhonn coincheapa riaracháin mar spleáchas nó measúnú aonair/comhpháirteach.

Ina theannta sin, ach an tÉirchód a bheith san áireamh ar Chóras Faisnéise Vacsaínithe COVID-19, dhéanfaí éascú ar an anailís ar leibhéil vacsaínithe COVID-19 ar bhonn geografach.

Ó tugadh isteach é in Éirinn den chéad uair in 2015, tá méadú mór tagtha ar fheasacht an phobail i leith an Éirchóid agus ar a mhéid a úsáidtear é. Is é is cúis leis sin, den chuid is mó, na feachtais faoi úsáid an Éirchóid a eagraíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus an méadú atá tagtha ar an úsáid a bhaineann gnólachtaí tráchtála as an Éirchód, go háirithe san earnáil chúiréireachta agus seachadta. Measann an Bord go gcaithfidh CEPanna níos mó a dhéanamh chun fanacht ar an eolas faoin dul chun cinn atá le feiceáil san earnáil phríobháideach. Tá dul chun cinn nach beag déanta ag roinnt CEPanna maidir le bailiú an Éirchóid agus iad ag idirghníomhú le custaiméirí. Díol suntais ar leith is ea an córas iarratais ar phas ar líne, a n-éiríonn leis Éirchód a bhailiú 90% den am, agus córas iarratais na Roinne Coimirce Sóisialta ar Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime, ar sholáthair 95% de na hiarratasóirí ar líne an Éirchód agus iad á úsáid. D'éirigh go geal leis an dá chóras sin, a bhuí leis an gcur chuige 'iarr an cód' a ghlactar i leith an Éirchóid.

Aithníonn an Bord go bhfuil dúshláin le sárú, agus gurb é an ceann is mó acu sin na córais TFC i roinnt eagraíochtaí rialtais atá ag gabháil as dáta agus nach féidir a oiriúnú go héasca chun an tÉirchód a bhailiú mar athróg neamhspleách. Ina ainneoin sin, measann an Bord go bhfuil sé ríthábhachtach bailiú an Éirchóid a fheabhsú chun léargas geografach a sholáthar agus molann sé:

- go dtabharfaidh CEPanna tosaíocht do na hoiriúnuithe nach mór a dhéanamh ar a gcórais TFC chun bailiú an Éirchóid a éascú agus iad ag idirghníomhú le custaiméirí;
- éascú do bhailiú an Éirchóid ar chórais TFC atá á bhforbairt (nó á n-uasghrádú) a bheith ina chaighdeán riachtanach i ndáil le córas TFC a sholáthar, de réir na gceanglas atá i bhfeidhm faoi láthair ag Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais[28]; agus
- go mbeidh sé éigeantach do chomhlacht de chuid na hearnála poiblí cur chuige 'iarr an cód' a ghlacadh agus é ag idirghníomhú le custaiméirí, agus Éirchód a iarraidh mar chuid de sheoladh (sa chás ina mbeidh seoladh ag teastáil de réir an RGCS), agus chun é sin a éascú ba cheart do na comhlachtaí sin API a chur i bhfeidhm chun an tÉirchód a fháil agus a bhailíochtú nuair a bhítear ag déileáil le custaiméirí.

I bhfianaise a thábhachtaí atá an tÉirchód maidir le léargas réigiúnach luachmhar a sholáthar mar bhonn don bheartas poiblí, molann an Bord gur uair in aghaidh na míosa, seachas uair in aghaidh na ráithe, a dhéanfar cóid a shannadh agus bunachar sonraí Éirchóid a scaipeadh ar úsáideoirí ceadúnaithe. Ba cheart don RCAC breathnú an bhfuil sé indéanta an tÉirchód a láimhseáil mar earra poiblí, agus é a chur ar fáil saor in aisce do gach úsáideoir, rud a shimpleodh an próiseas trína gcuirtear i bhfeidhm é i CEPanna. Tacaíonn an Bord go láidir leis an gcur chuige sin ach aithníonn sé go bhfuil tionchar airgeadais i gceist nach mór a mheas.

Tá Grúpa Tacadóirí an BSN i gceannas ar fhorbairt an bhunachair sin, lena n-áirítear tionscnaimh a chur chun cinn a forbraíodh chun cuidiú an Éirchóid a chur le bailiúcháin sonraí de chuid na hearnála poiblí – API Éirchóid comhroinnte Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Creat-Seirbhís Ionchódaithe an Éirchóid de chuid Oifig an tSoláthair (féach Aguisín 3). Molann an Bord go mbunófar foghrúpa de Ghrúpa Tacadóirí an BSN chur glacadh an Éirchóid a chur chun cinn ar bhailiúcháin sonraí de chuid na hearnála poiblí, agus go mbeidh an grúpa sin faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta ó roinn rialtais a bhfuil bailiúcháin mhóra sonraí ina seilbh aici.

28 Faoi Chiorclán 19/2017 ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, ceanglaítear nach mór an tÉirchód a bheith sa réimse seolta i gcórais TFC atá á bhforbairt nó á n-uasghrádú.

**Conclúidí agus moltaí:**

Tacaíonn an Bord go láidir leis an aitheantóir Éirchóid a áireamh i mbailiúcháin sonraí na hearnála poiblí agus measann sé gur gné ríthábhachtach é sin ó thaobh an BSN a chur chun cinn agus ó thaobh sholáthar an leibhéil mionsonraí geografacha a bhíonn á lorg ag a lán daoine a úsáideann an staidreamh oifigiúil. Ionas gur fearr an bailiú agus an comhtháthú a dhéanfaidh comhlachtaí na hearnála poiblí ar an Éirchód, molann an Bord an méid seo a leanas:

- go mbeidh sé éigeantach do chomhlacht de chuid na hearnála poiblí cur chuige 'iarr an cód' a ghlacadh agus é ag idirghníomhú le custaiméirí, agus Éirchód a iarraidh mar chuid de sheoladh (sa chás ina mbeidh seoladh ag teastáil agus de réir an RGCS), agus chun é sin a éascú ba cheart do na comhlachtaí sin API a chur i bhfeidhm chun an tÉirchód a fháil agus a bhailíochtú nuair a bhítear ag déileáil le custaiméirí.
- Go mbeidh comhtháthú an Éirchóid ina cheanglas éigeantach i leith gach córais TFC a sholáthrófar;
- gur uair in aghaidh na míosa, seachas uair in aghaidh na ráithe, a dhéanfar cóid a shannadh agus bunachar sonraí Éirchóid a scaipeadh agus a chur ar fáil d'úsáideoirí ceadúnaithe;
- go mbreathnóidh an RCAC an bhfuil sé indéanta an tÉirchód a láimhseáil mar earra poiblí, agus é a chur ar fáil saor in aisce do gach úsáideoir; agus
- go mbunófar foghrúpa de Ghrúpa Tacadóirí an BSN chur glacadh an Éirchóid a chur chun cinn ar bhailiúcháin sonraí de chuid na hearnála poiblí, agus go mbeidh an grúpa sin faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta ó roinn rialtais a bhfuil bailiúcháin mhóra sonraí ina seilbh aici.

# 4.3 Riachtanais Úsáideoirí

## 4.3.1 Cumarsáid

***"Is í an staidreamh an uirlis chumhachtach a threoraíonn muid nuair nach mbíonn eolas iomlán againn"- Carlo Rovelli, The Guardian, Deireadh Fómhair 2020 (aistrithe)***

Dealraíonn sé gur tábhachtaí ná riamh anois é don Oifig iarracht a dhéanamh freastal ar na héilimh nua a bhíonn ag úsáideoirí agus, an tráth céanna, dul san iomaíocht le haghaidh aird na n-úsáideoirí i ré ina mbíonn breis faisnéise go síoraí á chur ar fáil, agus mífhaisnéis uaireanta. I saol gasta, ardteicneolaíochta an lae inniu inar furasta teacht ar fhaisnéis ach méar a leagan ar scáileán, is féidir nach mbeidh luach an staidrimh oifigiúil chomh soiléir do roinnt úsáideoirí. Is é an dúshlán don Oifig a bheith fós ábhartha agus sainiúil agus foinsí faisnéise eile ag dul san iomaíocht léi.

Ina thuarascáil bhliantúil i leith na bliana 2019, mhol an Bord Comhairleach um Rialachas Staidrimh Eorpach (ESGAB) go gceapfadh oifigí staidrimh náisiúnta bearta iomchuí cumarsáide agus for-rochtana do shaoránaigh chun aird a dhíriú ar a iontaofa a bhíonn staidreamh oifigiúil i bhfianaise na rioscaí níos mó agus níos mó atá ann ó thaobh tríú páirtithe a bheith ag scaipeadh faisnéis neamhbhailíochtaithe nó faisnéis bhréige. In 2020, mhol an bord céanna go bhforbródh an CSE cur chuige comhordaithe chun muinín sa staidreamh oifigiúil a chothú agus a neartú[29]. Measann an Bord go gcaithfidh an Oifig iarracht a dhéanamh úsáideoirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an staidreamh oifigiúil i gcomparáid le foinsí faisnéise eile agus molann sé straitéis chumarsáide a fhorbairt maidir le staidreamh oifigiúil d'Éirinn. Is sócmhainní ollmhóra nach mór a chosaint iad cáilíocht, iontaofacht agus neamhspleáchas na hOifige maidir le staidreamh oifigiúil a tháirgeadh chun an tsochaí a chur ar an eolas, agus

29 2020/4. Molann an ESGAB go bhforbródh an CSE cur chuige comhordaithe chun muinín sa staidreamh oifigiúil a chothú agus a neartú, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, trí chur chuige trédhearcach, réamhghníomhach a chur chun feidhme maidir le cumarsáid le gach cineál úsáideora, ar shaincheisteanna modheolaíochta agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Maidir leis sin, ba cheart suirbhé a dhéanamh ar mhuinín an phobail sa staidreamh oifigiúil, trí mheán Eurobarometer, mar a rinneadh san am atá caite.

ba cheart go léireofaí do chách an chaoi a bhfágann na tréithe sin gur foinse iontaofa is ea an eagraíocht sin i leith faisnéis staidrimh.

Ina theannta sin, measann an Bord nach mór don Oifig a bheith ag brath go mór ar a ardáin meán sóisialta a úsáid chun fanacht ábhartha dá úsáideoirí agus gur cheart go mbeadh sé ina ardtosaíocht aici cumarsáid éifeachtach a dhéanamh faoina cuid táirgí. Fáiltíonn an Bord roimh na hiarrachtaí móra atá déanta ag an Oifig trí scaipeadh gníomhach a dhéanamh ar a staidreamh, ar ghrafaicí faisnéise is furasta a úsáid, agus ar bhearta nuálach cosúil leis an Mol Sonraí COVID-19, chun faisnéis iontaofa staidrimh a sholáthar don phobal i gcoitinne, agus chun saoránaigh a chur ar an eolas faoi phríomhfhorbairtí sa tsochaí, sa gheilleagar agus i dtaobh an chomhshaoil. Leis an bhforbairt atá déanta ar bhealaí malartacha chun an t-aschur náisiúnta a thomhas, cosúil leis an OIN*, tugtar léargas níos fearr d'úsáideoirí ar a bhfuil ag tarlú i ndáiríre inár ngeilleagar domhandaithe i gcomparáid leis an OTI, an tomhas caighdeánach idirnáisiúnta. Molann an Bord gur cheart don Oifig, agus na Cuntais Náisiúnta á gcur i láthair aici, aird a dhíriú ar na treochtaí sna figiúirí comhiomlána is fearr a thomhaiseann an ghníomhaíocht san fhíorgheilleagar in Éirinn.

Measann an Bord gur cheart don Oifig a cuid aschur atá dírithe ar shaoránaigh a chur chun cinn tuilleadh, agus an pobal a chur ar an eolas faoi eispéireas na ngrúpaí éagsúla ar fud an phobail i réimsí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha. Ba cheart go mbeadh na táirgí staidrimh sin inrochtana ag gach úsáideoir a úsáideann uirlisí idirghníomhacha agus bealaí scaipthe agus cumarsáide feabhsaithe, lena n-áirítear suíomh gréasáin na hOifige. Dhéanfaí aird na n-úsáideoirí a mhealladh le faisnéis a mheastar a bheith ábhartha don saol laethúil. Ba cheart don Oifig tógáil ar an rath atá ar tháirgí téamacha mar *Saol Uirbeach agus Saol Tuaithe in Éirinn* agus an úsáid mhéadaithe a bhaintear as grafaicí faisnéise, rud is maith leis an bpobal, agus forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcur chuige bunaithe ar 'scéal na hÉireann a insint' i dtaobh a cuid táirgí ginearálta staidrimh.

**Conclúidí agus moltaí:**

I saol gasta, ardteicneolaíochta an lae inniu, ina mbíonn faisnéis ar fáil ach méar a leagan ar scáileán, molann an Bord go ndéanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh beart chun úsáideoirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an staidreamh oifigiúil mar fhoinse faisnéise i gcomparáid le foinsí eile. Ní mór don Oifig leanúint di féin a chur chun cinn mar fhoinse iontaofa sonraí staidrimh do chách.

Fáiltíonn an Bord roimh an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig go dtí seo maidir le cur chuige a ghlacadh i leith a cuid aschur atá níos dírithe ar na saoránaigh, agus molann sé go leanfadh an Oifig leis an infheistíocht sa réimse sin, rud a fhágfaidh gur mó an fiúntas a bhainfidh an iomaí úsáideoir agus an pobal i gcoitinne as an staidreamh agus go mbeidh fáil níos éasca acu air.

## 4.3.2 Meastacháin Fíor-ama agus Mearmheastacháin

Go dtí seo, ní raibh sé ina chur chuige ag an Oifig sonraí fíor-ama (nó 'mearmheastacháin[30]') a thiomsú, ná níor fhoilsigh sí ar bhonn forleathan staidreamh bunaithe ar thuar reatha ná réamhaisnéis. Mar sin féin, tá éilimh athraitheacha na n-úsáideoirí agus an fháil mhéadaithe atá ar fhaisnéis, mar a pléadh sa chuid dheireanach, tar éis díospóireacht a chothú faoi ról na hOifige sa réimse seo. Síleann roinnt úsáideoirí go bhfuil sé ríthábhachtach don Oifig dul san iomaíocht ina leith seo chun fanacht ábhartha ach measann úsáideoirí eile go gcaithfidh an Oifig díriú ar na luachanna a fhágann gur foinse iontaofa staidrimh oifigiúil in Éirinn í.

30 Is éard atá i gceist le mearmheastachán luathmheastachán ar athróg is díol spéise ar feadh na tréimhse tagartha is déanaí agus is iondúil go ndéantar é a ríomh ar bhonn samhail staidrimh nó samhail eacnaiméadrach.

Tríd is tríd, measann an Bord go bhfuil gá le meastacháin níos tráthúla maidir le príomh-chomhiomláin mhaicreacnamaíocha amhail OTI agus OIN agus, ar mhaithe lena bheith san iomaíocht agus bheith ábhartha i ndomhan ina bhfuil an iliomad foinsí faisnéise, ba cheart don Oifig féachaint le meastacháin den sórt sin a tháirgeadh. Molann an Bord gur cheart an méid sin a dhéanamh i gcomhairle le húsáideoirí, agus nár cheart tabhairt faoi ach amháin nuair is ábhartha agus is iomchuí don tsraith sonraí é. Ní mholann sé go bhfoilseodh an Oifig staidreamh réamhaisnéise agus tá sé den tuairim gur cheart aon iarracht ar aistriú chuig táirge níos fóirsteanaí a shainaithint go soiléir amhlaidh agus nótaí míniúcháin a bheith ag gabháil leis faoin gcaoi ar cheart na meastacháin sin a léirmhíniú.

**Conclúidí agus moltaí:**

Aithníonn an Bord an t-éileamh atá ar tháirgí agus seirbhísí nua na Príomh-Oifige Staidrimh, amhail meastacháin fíor-ama agus mearmheastacháin, agus molann sé go ndéanfadh an Oifig iniúchadh ar tháirgeadh meastachán den sórt sin, i gcomhairle le húsáideoirí, nuair is ábhartha agus is iomchuí sin ag brath ar na tacair sonraí áirithe atá i gceist.

### 4.3.3 Amshraitheanna agus Sonraí Fadaimseartha a Sholáthar

Baineann tábhacht le hamshraitheanna comhsheasmhacha a tháirgeadh i gcás úsáideoirí atá ag iarraidh teacht ar thuiscint ar athruithe a thagann le himeacht ama ar an ngeilleagar agus ar phríomhathróga eile, agus ionas gur féidir samhlacha maithe réamhaisnéise a fhorbairt. Chomh maith leis sin, leis na sonraí fadaimseartha a leanann daoine ar leith thar thréimhse ama, soláthraítear léargas thar a bheith luachmhar mar ionchur do bheartais.

Tá an Oifig ag glacadh feidhmiú an tsuirbhé ‘Ag Fás Aníos in Éirinn’ ar lámh ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Is foinsí lárnacha iad sin, agus suirbhéanna fadaimseartha eile cosúil le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois (TILDA) agus Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois – Forlíonadh Míchumais Intleachta (IDS-TILDA), chun teacht ar thuiscint ar dhinimic shóisialta agus ar na tosca a mbeidh tionchar acu ar fholláine san am atá le teacht ar fud an iliomad réimse. Le suirbhéanna painéil gearra cosúil leis an Suirbhé ar an Lucht Saothair, cuidíodh teacht ar thuiscint ar dhinimic na ngluaiseachtaí isteach sa lucht saothair agus amach as, agus ar na tréithe a bhíonn acu siúd ar mó an baol go gcaillfidís a bpost nó acu siúd is tapa is fusa acu post a fháil arís.

**Conclúidí agus moltaí:**

Baineann tábhacht le hamshraitheanna comhsheasmhacha a tháirgeadh i gcás úsáideoirí atá ag iarraidh teacht ar thuiscint ar athruithe a thagann le himeacht ama ar an ngeilleagar agus ar phríomhathróga eile, agus ionas gur féidir samhlacha maithe réamhaisnéise a fhorbairt. Le sonraí fadaimseartha a rianaíonn na daoine aonair, na líonta tí nó na gnólachtaí céanna le himeacht ama, is fearr an tuiscint ar féidir a theacht uirthi ar an gcaoi a dtéann iompraíocht in oiriúint do bheartais agus cúinsí a bhíonn ag athrú. Molann an Bord gur cheart tosaíocht ard a leagan ar tháirgeadh amshraitheanna agus sonraí fadaimseartha i gCóras Staidrimh na hÉireann.

### 4.3.4 An Pobal Taighde

Tá an pobal taighde ina measc siúd is tábhachtaí a bhaineann leas as faisnéis na hOifige agus cuireann sé luach anailíseach nach beag le réimsí beartais tábhachtacha trí mheán na húsáide sin. Taispeántar sa tábla seo a leanas an leibhéal rochtana ar Chomhaid Micreashonraí Taighde (CMT) de chuid na hOifige, rochtain a bhfuil méadú mór tagtha uirthi le blianta beaga anuas:

| Tuarascáil úsáide CMT | 2009 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020[31] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tionscail CMT | 25 | 20 | 63 | 92 | 124 | 120 | 122 | 129 |
| Líon iomlán na dtaighdeoirí | 61 | 78 | 163 | 239 | 361 | 406 | 489 | 470 |
| Líon na dtaighdeoirí uathúla[32] | | | 121 | 163 | 222 | 259 | 305 | 253 |
| Eagraíochtaí taighde | 14 | 12 | 18 | 37 | 43 | 48 | 40 | 34 |

***Foinse: Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann***

Molann an Bord (le haird iomlán ar na ceanglais dhlíthiúla faoin RGCS, lena n-áirítear na díolúintí dá bhforáiltear ann maidir le húsáid eolaíoch agus úsáid acadúil agus ar thiomantas láidir na hOifige do rúndacht agus cosaint rúndachta, ar bhonn fhorálacha láidre an Achta Staidrimh, 1993) gur ceart an cur chuige a bheith ag an Oifig an rochtain is mó is féidir a thabhairt ar shonraí i gcás taighdeoirí *bona fide* faoi réir na gceanglas agus na gcosaintí rúndachta láidre sin. Ina leith sin, ba cheart don Oifig féachaint ar bhealaí chun nósanna imeachta a shimpliú do thaighdeoirí atá ag cur isteach ar rochtain ar shonraí.

Beidh an t-iniúchadh ar chomhpháirtíochtaí le taighdeoirí ina chuid riachtanach de ról mhaor sonraí na hOifige san am atá le teacht agus is ról é a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun freastal ar an éileamh ar shonraí agus léargas, éileamh atá ag dul i méid. Agus seirbhísí nua á fhorbairt aici trí chomhpháirtíochtaí, ní mór don Oifig a ról a shuí go soiléir i dtaobh léargas a sholáthar don cheapadh beartas.

**Conclúidí agus moltaí:**

Measann an Bord go mbaineann tábhacht leis an úsáid a bhaineann an pobal taighde as sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh agus molann sé an méid seo a leanas:

- gur cheart gurb é cur chuige na hOifige an rochtain is mó is féidir ar shonraí a bheith ag taighdeoirí faoi réir fhorálacha an Achta Staidrimh, 1993 agus an RGCS;
- go bhféachfaidh an Oifig ar bhealaí chun nósanna imeachta a shimpliú do thaighdeoirí atá ag cur isteach ar rochtain ar shonraí; agus
- go bhféachfaidh an Oifig le comhpháirtíochtaí a fhorbairt le taighdeoirí chun cur le raon an léargais lena dtacaítear leis na riachtanais a bhíonn ag taighdeoirí agus lucht déanta beartas.

## 4.3.5 An Phríomh-Oifig Staidrimh – Monatóireacht ar Riachtanais na nÚsáideoirí

Téama seasta i straitéisí an Bhoird is ea an tábhacht a bhaineann leis an rannpháirtíocht le húsáideoirí agus measann an Bord go bhfuil freagracht ar an Oifig i dtaobh freastal ar na riachtanais a bhíonn ag úsáideoirí an lae inniu, riachtanais a bhíonn ag athrú, i ndáil leis an bhfaisnéis a theastaíonn agus an fhoirm ina scaiptear í.

De réir mar a thagann téamaí nua chun cinn, ní mór don Oifig a chinntiú go mbeidh sí in ann coinneáil suas leo agus freagairt don éileamh ar tháirgí staidrimh nua. San athbhreithniú piaraí a rinneadh faoi ESCoP in 2015[33], moladh gur cheart don Oifig riachtanais úsáideoirí a lorg ar bhealach níos córasaí agus na suirbhéanna sástachta úsáideoirí a chur ar bun ar sceideal níos tráthrialta. Measann an Bord gur cheart don Oifig suirbhé rialta a dhéanamh ar úsáideoirí an

31 Bhí tionchar ag an bpaindéim COVID-19 ar fhigiúirí 2020 toisc go raibh srian ar an rochtain ar na Comhaid Micreashonraí Taighde gnó ar feadh tamaill go dtí go raibh an Phríomh-Oifig Staidrimh in ann rochtain ar na comhaid sin a chur ar fáil tríd an mBonneagar Sonraí Fíorúil.

32 Ainmnítear roinnt taighdeoirí ar bhreis is tionscadal taighde amháin agus tá siad san áireamh níos mó ná uair amháin san fhigiúr i leith 'Líon iomlán na dtaighdeoirí'. San iomlán i leith 'Líon na dtaighdeoirí uathúla', comhairtear gach taighdeoir uair amháin fiú má ainmnítear é nó í ar bhreis is tionscadal amháin.

33 https://ec.europa.eu/eurostat/documents/64157/4372828/2015-IE-improvement+actions/b3aa45e2-68f1-4ce3-8655-c2665bf2238b

staidrimh oifigiúil agus orthu siúd nach mbaineann úsáid as, agus gur cheart na suirbhéanna sin a dhéanamh gach 3 bliana mar gheall ar an luas ag a mbíonn riachtanais na n-úsáideoirí ag athrú anois. Ba cheart iarracht a dhéanamh sa suirbhé faisnéis a bhailiú ar théamaí amhail iad seo a leanas:

- Faisnéis faoi na cineálacha úsáideoirí;
- Cáilíocht an staidrimh/na seirbhísí;
- Muinín sa staidreamh;
- Úsáid an staidrimh, lena n-áirítear a mhéid a imríonn sé tionchar ar bheartas agus ar chinnteoireacht;
- Scaipeadh staidrimh; lena n-áirítear a inúsáidte is atá suíomh gréasáin na hOifige agus PxStat;
- Riachtanais staidrimh amach anseo.

Ina theannta sin, measann an Bord go bhfuil meithleacha oibre agus grúpaí idirchaidrimh na hOifige ina gcreat úsáideach chun riachtanais úsáideoirí a iniúchadh ar leibhéal na hearnála agus tacaíonn sé le pleananna atá ag an Oifig maidir le haonad geografach nua a bhunú ina haonad modheolaíochta. Ba cheart don aonad sin idirghníomhú le húsáideoirí, agus cur chuige straitéiseach á ghlacadh aige lena chinneadh cén leibhéal léargais gheografaigh atá riachtanach i leith ábhair staidrimh tábhachtacha agus bealaí a iniúchadh chun freastal ar na riachtanais sin.

**Conclúidí agus moltaí:**

Measann an Bord, i ndáil leis an gcleachtas atá ann dul i gcomhairle le húsáideoirí chun fanacht ar an eolas faoi riachtanais atá ag teacht chun cinn, gur céim thábhachtach é sin i dtáirgeadh staidrimh oifigiúil agus molann sé go ndéanfadh an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé ar úsáideoirí agus ar dhaoine nach úsáideoirí iad ag eatraimh 3 bliana i gcomhairle leis an mBord Náisiúnta Staidrimh.

# 4.4 Cáilíocht Sonraí

## 4.4.1 Straitéis Cháilíochta na Príomh-Oifige Staidrimh agus a Creat Bainistíochta Cáilíochta

Tá cáilíocht an staidrimh ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí ó thaobh muinín a chothú sa staidreamh oifigiúil, rud a mheasann an Bord is tábhachtaí anois ná riamh. I dtimpeallacht staidrimh a bhíonn ag síorathrú, ina mbíonn gá níos mó le haschuir staidrimh nua, níos casta, tá sé riachtanach go leanfaidh an Oifig ar aghaidh ag comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde agus ag soláthar táirgí ar ardchaighdeán lena chinntiú go mbeidh lánmhuinín ag na húsáideoirí as na haschuir staidrimh. Chuige sin, measann an Bord gur cheart don Oifig iniúchadh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- eatraimh mhuiníne a chur i láthair agus aird a dhíriú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil torthaí suirbhéanna comhleanúnacha difriúil ón chéile ó thaobh an staidrimh de;
- sraitheanna sonraí comhsheasmhacha a sholáthar le himeacht ama, nó i gcás neamhleanúnachais, sonraí forluiteacha a sholáthar ionas gur féidir sraitheanna ama comhsheasmhacha a chur le chéile trí shonraí gaolmhara a nascadh; agus
- tástáil thréimhsiúil a dhéanamh ar airíonna síciméadracha na gceisteanna suirbhé (iontaofacht, bailíocht, comhsheasmhacht idir tástáil agus atástáil).

An ról atá ag an Oifig maidir le cáilíocht an staidrimh, clúdaíonn sé gníomhaíochtaí eile seachas a cinn féin amháin. In 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leasú ar an ‘Dlí Staidrimh Eorpach’ (Rialachán (AE) 2015/759)[34] lenar áiríodh freagracht dhlíthiúil a leagan ar Ard-Stiúrthóir na hOifige as comhordú a dhéanamh ar chlársceidealú agus tuairisciú

34 Rialachán (AE) 2015/759 lena leasaítear Rialachán (CE) 223/2009. Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, 19.5.2015. Is é Rialachán (CE) 223/2009 an chreatreachtaíocht i leith CSE, atá comhdhéanta de Eurostat agus iad siúd a tháirgeann staidreamh oifigiúil sna Ballstáit. Sainmhínítear sa Rialachán cuspóirí, rialachas agus prionsabail staidrimh CSE.

an staidrimh, monatóireacht ar cháilíocht, modheolaíocht, sonraí agus cumarsáid i leith an staidrimh Eorpaigh go léir a tháirgtear in Éirinn, is cuma cén roinn nó cén ghníomhaireacht a tháirgeann é.

**Conclúidí agus moltaí:**

Leagann an Bord béim ar thábhacht na cáilíochta maidir le muinín a chothú sa staidreamh oifigiúil agus molann sé, de réir Dhlí Staidrimh na hEorpa, go leathnódh an Phríomh-Oifig Staidrimh a ról cáilíochta staidrimh ionas go gcuimseofar ann gach staidreamh Eorpach a tháirgtear in Éirinn, chun an dea-chleachtas agus tacaíocht a chinntiú i gcás gach eagraíochta a tháirgeann an staidreamh oifigiúil sin.

### 4.4.2 Cóid Chleachtais

Is é ESCoP bunchloch an chreata cáilíochta don staidreamh Eorpach lena leagtar síos na caighdeáin d'institiúidí náisiúnta staidrimh maidir leis an staidreamh sin a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Déantar a mhéid a chloítear le ESCoP a mheas trí athbhreithniú piaraí Eorpach, agus seolfar an tríú babhta de sin idir 2021 agus lár na bliana 2023.

Bhunaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann, fo-chuid de ESCoP, chun caighdeáin a thabhairt isteach maidir le staidreamh oifigiúil arna thiomsú ag údaráis phoiblí seachas an Oifig. Go dtí seo, tá aschuir staidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim agus Tuairisceáin Státchiste na Roinne Airgeadais formheasta i leith lógó Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann, lena ndeimhnítear go bhfuil an staidreamh oifigiúil á tháirgeadh acu ar bhealach atá gairmiúil, neamhspleách agus ar ardchaighdeán. Tá roinnt CEPanna eile tar éis tiomantas a léiriú do phróiseas iniúchóireachta Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann agus ba mhaith leis an mBord go bhféachfadh gach eagraíocht a tháirgeann staidreamh oifigiúil le deimhniú an Chóid ina leith sin a bhaint amach ón Oifig sna blianta amach romhainn.

Ina Thuarascáil Bhliantúil i leith na bliana 2020, molann an ESGAB go leagfaí béim láidir le linn an bhabhta athbhreithnithe piaraí atá le teacht ar chomhlíonadh ESCoP ag údaráis náisiúnta eile. Measann an Bord gur cheart don Oifig clár a chur chun feidhme chun glacadh Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann a chur chun cinn ar fud shonraí na hearnála poiblí, agus an clár sin a bheith dírithe go háirithe ar na bailiúcháin sonraí is mó.

**Conclúidí agus moltaí:**

Molann an Bord gur cheart don Phríomh-Oifig Staidrimh clár a chur chun feidhme chun dlús a chur faoi ghlacadh Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann ar fud shonraí na hearnála poiblí, agus béim ar leith á leagan ar na bailiúcháin sonraí is mó agus gur cheart, i gcás comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí a tháirgeann staidreamh oifigiúil, gur cheart dóibh féachaint leis an gCód Cleachtais sin a chomhlíonadh sa chaoi is go bhféadfaí a chuid aschur a bheith faoi mharc dearbhaithe cáilíochta an Chóid.

## 4.5 Saineolas

### 4.5.1 Scileanna agus Acmhainn a Fhorbairt

Tá na scileanna a theastaíonn chun sonraí a anailísiú agus staidreamh oifigiúil a tháirgeadh ag teacht chun cinn agus is tábhachtach an rud é go leanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh ag cur le hacmhainn na foirne trí choinneáil leis an tacaíocht a thugann sí don fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta, lena n-áirítear baill foirne ar iasacht atá ag obair i gCóras Staidrimh na hÉireann. De réir mar a mhéadaíonn méid agus úsáid na bhfoinsí nua sonraí, ar nós ollsonraí, bíonn deiseanna le tapú i dtaobh an staidrimh oifigiúil, agus bíonn breis gá

le hardscileanna anailíse dá bharr sin. Molann an Bord go gcuirfeadh an Oifig scileanna mar innealtóireacht sonraí agus eolaíocht sonraí san áireamh ina samhail earcaíochta agus ina creat oiliúna staidrimh mar aitheantas ar an úsáid níos mó agus níos mó atá á baint as foinsí sonraí tánaisteacha agus ar na dúshláin a ghabhann leis sin, dúshláin a bhaineann le nithe ar nós sonraí a shú isteach agus meaisínfhoghlaim. Fáiltíonn an Bord roimh an mborradh atá faoin gcultúr nuálach atá ag teacht chun cinn trí aschuir nua agus tuarascálacha téamacha CSO agus measann sé gur cheart an cultúr sin a fhorbairt tuilleadh.

Bíonn gá le scileanna anailíse sonraí lasmuigh den Oifig agus, tráth a mbíonn beagnach gach comhlacht poiblí ag brath ar shonraí, ba cheart díriú freisin ar chur le hacmhainn an chórais. Measann an Bord go bhfuil gá le contanam scileanna ina mbeadh staitisteoirí, eacnamaithe agus anailísithe beartais ag obair as lámha a chéile chun lucht déanta beartas a chur ar an eolas agus léargas luachmhar a chur ar fáil d'úsáideoirí. D'éirigh go han-mhaith leis an gcur chuige sin i roinnt ranna rialtais, amhail an Roinn Sláinte agus an Roinn Coimirce Sóisialta, áit a mbíonn baill foirne ó IGEES agus Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann ag obair as lámha a chéile chun sprioc chomhchoiteann a bhaint amach. Ina theannta sin, measann an Bord gur cheart don earnáil phoiblí, in ionad saineolaithe a fháil ar conradh chun bheith ag obair ar thionscadail speisialaithe sonraí, iniúchadh a dhéanamh ar chur chuige difriúil a bheadh dírithe ar na scileanna atá sa chóras a chothú agus cumhacht a thabhairt do na baill foirne atá ann cheana chun tabhairt faoi thionscadail den sórt sin.

Bíonn éileamh mór ar dhaoine a bhíonn ag gabháil d'anailísíocht sonraí nó a bhfuil scileanna teicniúla eile acu, agus bíonn an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach san iomaíocht le chéile le haghaidh speisialtóirí sna réimsí sin. Bhí deacrachtaí ag an Oifig maidir le staitisteoirí a earcú agus a choinneáil agus is é is cúis leis sin den chuid is mó an iomaíocht atá ann i gcomhair scileanna in earnálacha mar TFC agus anailísíocht sonraí, réimse ina mbíonn eagraíochtaí na hearnála príobháidí ag déanamh infheistíocht mhór chun bheith san iomaíocht iontu, agus ní bhíonn na deiseanna céanna ag CEPanna maidir le tuarastail agus sochair a thairiscint. Measann an Bord, sa chomórtas le haghaidh scileanna, go gcaithfidh an earnáil phoiblí smaoineamh ar infheistíocht níos mó a dhéanamh san earcaíocht chun céimithe a spreagadh ionas go mbeidís sásta gairm san earnáil phoiblí a mheas.

**Conclúidí agus moltaí:**

Leagann an Bord béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint le hacmhainn na foirne a neartú, lena n-áirítear baill foirne ar iasacht atá ag obair i gCóras Staidrimh na hÉireann, agus molann sé an méid seo a leanas:

- go gcuirfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh scileanna mar innealtóireacht sonraí agus eolaíocht sonraí san áireamh ina samhail earcaíochta agus ina creat oiliúna staidrimh nuair is iomchuí sin; agus
- go smaoineoidh an earnáil phoiblí ar bhreis infheistíochta a dhéanamh chun daoine a earcú a bhfuil scileanna anailíse sonraí agus scileanna teicniúla acu d'fhonn dul san iomaíocht le cuideachtaí san earnáil phríobháideach agus céimithe a spreagadh chun tabhairt faoi ghairm san earnáil phoiblí.

### 4.5.2 Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann

I straitéis na bliana 2015 ón mBord Náisiúnta Staidrimh, moladh go mbunófaí go foirmiúil Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann: clár chun staitisteoirí ón Oifig a chur ar iasacht chuig eagraíochtaí rialtais chun seirbhís anailíse níos comhordaithe a fhorbairt don Rialtas. Bhí sé beartaithe ag an mBord maidir leis na staitisteoirí sin, a bheadh i riocht maith chun aird a dhíriú ar luach na gcaighdeán comhchoiteann sonraí agus an BSN agus iad a chur chun cinn, go ndéanfaidís comhlánú ar an IGEES mar atá faoi láthair agus go dtabharfaí le chéile na scileanna staidrimh agus eacnamaíocha is gá chun tacú go héifeachtach le cinnteoireacht beartais.

Mar thoradh ar bhunú Aonad Comhordaithe an Chórais Staidrimh san Oifig in 2016, bunaíodh

Seirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann go foirmiúil in 2017. Na baill foirne a bhíonn amuigh ar iasacht ón Oifig chuig ranna seachtracha, feidhmíonn siad anois faoi mheabhrán tuisceana a chlúdaíonn róil agus freagrachtaí staitisteoirí ar iasacht agus ina leagtar síos an fhreagracht atá ar an Oifig agus ar an eagraíocht óstach i ndáil leis na baill foirne staidrimh atá ar iasacht. Tugtar breac-chuntas soiléir sa Mheabhrán Tuisceana ar an méid a mbítear ag súil leis ó bhaill foirne de chuid Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann chun an BSN a chur chun cinn san eagraíocht óstach, chun tairbhe na heagraíochta óstaí agus mhórchóras staidrimh na hÉireann araon. Fáiltíonn an Bord ó chroí roimh bhunú na socruithe i dtaobh Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann agus an Mheabhráin Tuisceana.

Chomh maith le caighdeáin sonraí mar an BSN agus aicmithe comhchoiteanna a chur chun cinn, tá ról lárnach ag foireann Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann maidir le cur chun feidhme Alt 31.1 agus 31.2 den Acht Staidrimh, 1993 ina ndéileáiltear leis an gcomhar idir an Oifig agus údaráis phoiblí maidir leis an acmhainn staidrimh atá ag taifid a mheas, chomh maith lena cuid modhanna agus córais taifeadta a fhorbairt chun críocha staidrimh.

Tá an Oifig freagrach as na baill foirne ar iasacht a sholáthar, nuair a bhíonn an acmhainn sin ann, agus as tacaíocht a thabhairt dóibh. Fáiltíonn an Bord roimh an éileamh atá ag teacht chun cinn ar bhaill foirne de chuid Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann i gcomhthéacs an BSN a chur chun cinn agus na mbuntáistí do Chóras Staidrimh na hÉireann agus molann sé go ndéanfaidh an Oifig monatóireacht rialta ar acmhainn an chláir agus ar na hacmhainní a theastaíonn laistigh den Oifig chun déileáil leis an mborradh sin ar an éileamh.

Feiceann an Bord go bhfuil luach nach beag le baint amach i dtaobh cur leis an gcomhoibriú idir baill foirne de chuid Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann agus IGEES a mhéadú chun tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise. Ina straitéis mheántéarmach[35], tá IGESS tiomanta do thacaíocht a thabhairt don Oifig agus do Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann maidir leis an BSN a fhorbairt, agus leagann sé béim ar thábhacht an chomhtháthaithe idir an obair a dhéanann gach aon ghrúpa.

**Conclúidí agus moltaí:**

Aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann leis na staitisteoirí ar iasacht a bhíonn ag obair in eagraíochtaí rialtais agus molann sé:

- go gcuirfear chun feidhme ina iomláine an Meabhrán Tuisceana lena soiléirítear ról agus freagrachtaí na foirne staidrimh ar iasacht, na heagraíochta óstaí agus na Príomh-Oifige Staidrimh, go háirithe maidir le dul chun cinn an Bhoird agus cur i bhfeidhm aicmithe comhchoiteanna chomh maith le soláthar cúnaimh ón Oifig ó thaobh modheolaíochta agus bainistíocht cáilíochta; agus
- go nglacfar cur chuige níos comhoibrithe idir bhaill foirne de chuid Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann agus baill foirne de chuid IGEES a bhíonn ag obair in eagraíochtaí rialtais, trína mbeidh an dá ghrúpa sin ag obair as lámha a chéile chun spriocanna comhchoiteanna a

35 https://igees.gov.ie/wp-content/uploads/2020/04/IGEES-Medium-Term-Strategy-2020-2022.pdf

# 4.6 Maoirseacht Sonraí

## 4.6.1 Ról Maoirseachta Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh i Mórchóras Sonraí na hÉireann

Cuimsíonn mórchóras sonraí na hÉireann na bailiúcháin sonraí ar fud Státseirbhís agus Sheirbhís Phoiblí na hÉireann agus tugann na bailiúcháin sonraí sin an-léargas do lucht cinnteoireachta agus do mhuintir na hÉireann ach iad a bheith struchtúrtha agus eagraithe de réir caighdeáin agus aicmithe comhaontaithe.

Ina Ráiteas Straitéise 2020-2023, sainíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh gurb í féin an maor sonraí i mórchóras sonraí na hÉireann, ról dá bhforáiltear san Acht Staidrimh, 1993[36] agus ról a mbeidh tionchar aige ar fheabhas a chur ar cháilíocht foinsí sonraí riaracháin mar seo a leanas:

- Caighdeáin, rialacha agus treoirlínte a shainiú agus a fhorbairt chun rialú a dhéanamh ar aicmiú, stóráil agus bainistíocht sonraí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí;
- Tacú le forbairt a dhéanamh ar straitéisí na Seirbhíse Poiblí i leith sonraí;
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt an chórais i dtaobh baill foirne ghairmiúla staidrimh a thabhairt ar iasacht do ranna rialtais;
- Seirbhísí sonraí amhail Comhaid Micreashonraí Taighde a thairiscint do thaighdeoirí;
- Tionscadail taighde 'fiosraithe' a bhaineann le beartas a fhorbairt;
- Seirbhísí nua a fhorbairt trí chomhpháirtíochtaí, le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann mar shampla, chun API a fhorbairt don tÉirchód;
- Dearbhú riachtanach a sholáthar maidir le rialachas sonraí;
- Tacú le hanailísí ar bheartais.

Measann an Bord, i dtaobh na ceannaireachta a sholáthraíonn an Oifig laistigh de Chóras Staidrimh na hÉireann agus na hoibre a dhéanann Aonad Comhordaithe an Chórais Staidrimh laistigh den Oifig, gur gnéithe lárnach iad i leith forbairt bhreise a dhéanamh ar mhórchóras sonraí na hÉireann. Ba cheart don Oifig a ról ceannaireachta iarbhír a leathnú ionas go gcuimseofaí leis gach údarás poiblí a tháirgeann staidreamh oifigiúil mar a shainmhínítear é san Acht Staidrimh, 1993.

**Conclúidí agus moltaí:**

Tacaíonn an Bord le ról maoirseachta sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh i mórchóras sonraí na hÉireann, go háirithe maidir le caighdeáin i leith sonraí a chur chun feidhme agus tacú leis na caighdeáin sin, agus molann sé go ndéanfaí sonrú soiléir ar ról na hoifige sin maidir le léargas a sholáthar ar mhaithe le ceapadh beartas, seachas díreach tráchtaireacht a dhéanamh ar bheartais.

36 Ailt 10 (2), 10 (3), agus 31 den Acht Staidrimh, 1993 http://www.achtanna.ie/ga.act.1993.0021.1.html

# Aguisíní

# Aguisín 1

## An Próiseas Comhairliúcháin i leith Straitéis an Bhoird Náisiúnta Staidrimh 2021-2026

### Ceisteanna a cuireadh i suirbhé comhairliúcháin an Bhoird:

1. Cad iad na sonraí, dar leat, a bheidh ag teastáil uait féin nó d’eagraíocht de bhreis ar na sonraí atá ar fáil cheana féin?
2. Cé na príomhthéamaí agus na príomhthosaíochtaí is ceart a bheith ag teacht chun cinn maidir leis an staidreamh oifigiúil in Éirinn, dar leat?
3. Cad iad na príomhdhúshláin agus na deiseanna atá ann i dtaobh staidreamh oifigiúil a fhorbairt in Éirinn, dar leat?
4. Cad iad na príomhchúiseanna imní atá agat maidir leis an staidreamh oifigiúil in Éirinn agus conas a d’fhéadfadh siadsan forbairt, dar leat?
5. An bhfuil aon aiseolas eile ar mhaith leat a lua?

Agus an straitéis seo á forbairt, atá dírithe ar an staidreamh oifigiúil a threorú sna cúig bliana amach romhainn, thóg an Bord ar na príomhthéamaí a sainaithníodh sa phróiseas comhairliúcháin, lenar cuimsíodh:

- An tábhacht a bhaineann le staidreamh oifigiúil a chur chun cinn mar fhoinse iontaofa, agus le bheith ábhartha i saol gasta ina bhfuil an iliomad foinsí faisnéise, agus mífhaisnéis uaireanta.
- Foinsí malartacha sonraí a fhorbairt, lena n-áirítear foinsí sonraí riaracháin agus sonraí príobháideacha, chun freastal ar na héilimh ar léargas, éilimh atá ag dul i méid, agus chun cabhrú le dul i ngleic leis na dúshláin a thagann chun cinn maidir le bailiú sonraí suirbhéanna, ar nós rátaí freagartha a bheith ag ísliú.
- An tábhacht a bhaineann leis an BSN agus an gá atá le tuilleadh oibre lena chinntiú go mbeidh aitheantóirí uathúla ar nós an Éirchóid san áireamh i mbailiúcháin sonraí uile na hearnála poiblí, mar aon le tabhairt isteach an aitheantóra uathúil gnó.
- An gá atá le caighdeáin agus aicmithe comhchoiteanna sonraí ar fud eagraíochtaí go léir na seirbhísí poiblí chomh maith le córais TFC chomhoiriúnacha chun nascadh sonraí a éascú agus léargas níos fiúntaí agus níos spriocdhírithe a sholáthar ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais atá bunaithe ar fhianaise.
- An tábhacht a bhaineann le ról agus obair staitisteoirí de chuid Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann maidir leis an BSN a fhorbairt agus maidir le comhoibriú lena gcomhghleacaithe san eagraíocht sin.
- An leibhéal tuisceana atá ann ar an RGCS; an tionchar atá aige sin ar tháirgeadh an staidrimh oifigiúil agus ar an ngá atá le treoir chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú ar fud eagraíochtaí na seirbhíse poiblí maidir le riachtanais i ndáil le cosaint sonraí.
- An gá atá le scileanna anailíseacha a fhorbairt ar fud eagraíochtaí go léir na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear cur leis an gcumas tacair sonraí mhóra riaracháin a anailísiú.
- Na deacrachtaí a bhíonn ag taighdeoirí maidir le rochtain a fháil ar chomhaid micreashonraí taighde de chuid na hOifige agus iad a úsáid.
- An tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach le lucht úsáide an staidrimh oifigiúil.

Ina theannta sin, d’aithin na páirtithe leasmhara príomhábhair thosaíochta atá le breithniú, lena n-áirítear:

- An comhshaol agus an t-athrú aeráide
- Sláinte agus cúram sóisialta
- Folláine agus folláine mheabhrach
- Míchumas
- Cearta an duine agus comhionannas
- Féiniúlacht inscne agus claonadh gnéis
- An margadh saothair agus tuilleamh, lena n-áirítear an scáthgheilleagar; dáileadh ioncaim agus rachmais
- An geilleagar, lena n-áirítear digitiú, táirgiúlacht agus trádáil
- Staidreamh uile-oileáin
- Scileanna agus oideachas
- Tithíocht
- Coireacht agus íospairt
- Talmhaíocht
- Oidhreacht
- Pinsin
- Taighde agus Nuálaíocht
- Iompar agus Taisteal
- Cianobair agus comaitéireacht
- Sonraí geografacha níos mionsonraithe ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach i leith príomhréimsí staidrimh oifigiúil

Cuid den aiseolas a bhí níos dírithe ar chúrsaí oibriúchán a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, cuireadh in iúl é do na réimsí ábhartha san Oifig lena bhreithniú tuilleadh.

# Aguisín 2

## Údaráis Náisiúnta Eile a Thiomsaíonn Staidreamh Eorpach in Éirinn

Seachas an Phríomh-Oifig Staidrimh, tá údaráis náisiúnta eile ann a mbíonn baint acu le staidreamh Eorpach a tháirgeadh in Éirinn. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí sin:

- Bord Iascaigh Mhara
- An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

# Aguisín 3



## Tionscnaimh atá ar fáil do Chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí chun cabhrú leis an tÉirchód a chur le Bailiúcháin Sonraí

### Feidhmchlár bailíochtaithe Éirchóid (API) arna fhorbairt ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

Chun éascú do bhailiú an Éirchóid lena áireamh ar bhailiúcháin sonraí na hearnála poiblí, d'iarr an Roinn Comhshaoil Aeráide agus Cumarsáide ar Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann API a fhorbairt a úsáidfear ar fud na seirbhíse poiblí chun an tÉirchód a bhailíochtú agus a chuardach.

Leis an API, cuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí:

- Seoltaí a bhailíochtú bunaithe ar Éirchód bailí a chur isteach. Leis sin freisin, beifear in ann réimsí seoltaí a líonadh isteach go huathoibríoch i bhfoirmeacha ar líne nuair a chlóscríobhann úsáideoir nó duine den phobal Éirchód bailí;
- Seoladh a chur isteach chun Éirchód a fháil agus a bhailíochtú don seoladh sin;
- Tuarchuardach a dhéanamh i gcomhair seoltaí leis an API;
- Éirchód agus seoladh a sholáthar bunaithe ar gheo-chomhordanáidí XY a chur isteach; agus
- Comhéadan mapála cúlra de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a sholáthar ionas gur féidir le húsáideoirí áitreabh a chuardach agus a aithint ar bhonnmhapaí de chuid na heagraíochta sin. Nuair a bheidh sé an t-úsáideoir deiridh aitheanta, gheobhaidh an té sin Éirchód bailí agus/nó seoladh a chuirfear ar fáil i leith an áitribh sin.

Sheol Suirbhéireacht Ordanáis Éireann an feidhmchlár i mí na Bealtaine 2019, agus tá sé ar fáil do CEPanna agus do ghníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála lena chomhtháthú le feidhmchláir na gcóras TFC atá ann cheana chun seoltaí a thaifeadadh, agus le cinn nua. Déanann an API Éirchóid bailíochtú, i bhfíor-am, ar gach Éirchód a thagann isteach a gabhadh ó chomhfhreagras nó idirbhearta custaiméirí i gcoinne an bhunachair sonraí Éirchóid is déanaí. Leis sin, cinntítear go bhfuil gach Éirchód á bhailiú go cruinn agus go bhfuil sé inchuardaithe ar fud chórais agus bhunachar sonraí TFC. Fágann sé gur féidir réimsí seoltaí a líonadh isteach go huathoibríoch nuair a fhaightear seoltaí ó chustaiméirí agus sanntar leis láthair gheografach do gach áitreabh sa stát, lena n-áirítear na seoltaí neamh-uathúla atá fairsing faoin tuath in Éirinn – thart ar 35% de na seoltaí ar fad.

## Creat-Seirbhís Ionchódaithe Éirchóid de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais

Chomh maith le API Éirchóid, cuireadh Creat-Seirbhís Ionchódaithe Éirchóid na hOifige um Sholáthair Rialtais ar fáil do CEPanna i mí Lúnasa 2019. Cuireann sé sin ar a gcumas do CEPanna leas a bhaint as an tseirbhís trína ndéantar seoltaí a mheaitseáil le hÉirchód, ó liosta eagraíochtaí tráchtála sa chreat, agus an tÉirchód a chur le bunachair seoltaí atá ann cheana.

I gcás córais TFC atá ann cheana nach féidir API Éirchóid de chuid Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a chomhtháthú leo, is féidir é a úsáid chun Éirchód a chur le seoltaí atá sa chóras cheana. A bhuí leis an tseirbhís sin, tiocfaidh méadú tapa ar líon na seoltaí Éirchóid atá i mbunachair sonraí ghníomhacha atá ann cheana, rud a fhágfaidh go mbeidh na bunachair sonraí sin níos áisiúla. Soláthraíonn an creat go leor buntáistí do CEPanna toisc go maolaíonn

sé an t-ualach riaracháin i dtaobh comórtais aonair ar luach íseal a reáchtáil, go mbíonn an táille uasta ar eolas ón tús; agus nach ngearrtar táille ar CEPanna ach ar na taifid a mheaitseáiltear le hÉirchód, agus iadsan amháin.

# Aguisín 4

## Sonraí faoin dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh Straitéis an Bhoird Náisiúnta Staidrimh 2015–2020[37]

Tá dul chun cinn maith déanta ag an mBord maidir leis na moltaí a leagtar amach ina straitéis roimhe seo *'A World Class Statistical System for Ireland'.* Meastar go bhfuil beagnach gach ceann de na 27 ngníomh bainte amach nó ar siúl mar chuid den phróiseas chun staidreamh oifigiúil a tháirgeadh. Sa chuid seo, déantar achoimre ar na príomhfhorbairtí le linn na tréimhse ó 2015 i leith.

### Ceannaireacht na hEarnála Poiblí

- Faoi Bheart 24 de *Phlean Athnuachana na Státseirbhíse,* Beart 7 de *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* agus faoi *Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí,* díríodh go géar ar shonraí a mheas mar shócmhainn straitéiseach don tseirbhís phoiblí agus, an tráth céanna, a admháil go gcaithfear feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a chomhroinnt. Baineadh amach cloch mhíle thábhachtach chun an BSN a chur chun cinn in 2017 nuair a ghlac Ard-Stiúrthóir na hOifige, mar aon le cúigear comhurraithe de chuid an Bhoird um Bainistiú na Státseirbhíse[38], ceannaireacht ar Bheart 24.
- Faoin Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019[39], déantar foráil maidir le bunús dlí ginearálta do chomhlachtaí poiblí i dtaobh sonraí a chomhroinnt chun críocha sainithe i gcomhréir leis an RGCS, agus ar an mbealach sin an t-ualach riaracháin a laghdú agus soláthar seirbhísí a shimpliú.
- I *Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019–2023* [40], leagtar síos fís maidir le feabhas a chur ar rialachas, bainistiú agus athúsáid sonraí ar fud na seirbhíse poiblí ar bhealach atá slán, éifeachtúil agus follasach, chun leasa saoránach agus gnólachtaí an stáit.
- Bunaíodh Grúpa Tacadóirí an BSN, grúpa trasrannach atá faoi chathaoirleacht na hOifige, in 2017. Déanann an grúpa monatóireacht ar chlúdach trí phríomhaitheantóir ar bhailiúcháin sonraí na hearnála poiblí agus cuireann sé an obair sin chun cinn.
- In 2019, sheol Suirbhéireacht Ordanáis Éireann API Éirchóid agus chuir an Oifig um Sholáthair Rialtais Creat-Seirbhís Ionchódaithe Éirchóid ar fáil. Seoladh an dá thionscnamh chun feabhas a chur ar bhailiú an Éirchóid ar bhailiúcháin sonraí atá ag CEPanna, agus chun éascú dó sin.

### Ceannaireacht na Príomh-Oifige Staidrimh

- In 2016 bhunaigh an Oifig stiúrthóireacht nua agus bhunaigh sí struchtúir chun maoirseacht agus stiúradh a dhéanamh ar sholáthar raon níos leithne seirbhísí a bhaineann le sonraí agus staitisticí.
- Chuaigh an Oifig i mbun tionscadail taighde 'fiosraithe' bainteach le beartas, agus forbraíodh na tionscadail sin i gcomhar le lucht déanta beartas ar shaincheisteanna beartais a léiríonn an luach a bhíonn ag sonraí riaracháin trí fhoinsí sonraí a nascadh le chéile ag úsáid aitheantóra comhchoitinn.
- Leanadh leis an leathnú ar chlár Sheirbhís Staidrimh Rialtas na hÉireann, agus forbraíodh seirbhís anailíse níos comhordaithe don Rialtas dá bharr sin.

37 https://nsb.ie/publications/
38 Ard-Rúnaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na gCoimisinéirí Ioncaim, na Roinne Coimirce Sóisialta, na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.
39 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/act/5/enacted/en/html
40 https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/1d6bc7-public-service-data-strategy-2019-2023/

## Acmhainní agus Scileanna na Príomh-Oifige Staidrimh

- Leithdháileadh acmhainní buiséadacha breise ar son na hOifige sa tréimhse ó 2015, rud a d'éascaigh do bhunú Aonad Comhordaithe an Chórais Staidrimh.
- D'fhorbair an Oifig Creat Oiliúna Staidrimh lena ndéantar ailíniú ar an eolas, na scileanna agus an saineolas do gach ról laistigh den eagraíocht, bunaithe ar an tSamhail Chineálach Staidrimh um Phróisis Ghnó[41].
- Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne de chuid na hOifige i dtaobh an Chreata Bainistíochta Cáilíochta, bunaithe ar an tSamhail Chineálach agus ar ESCoP, agus tá an oiliúint sin fós á cur ar fáil i mórchóras staidrimh na hÉireann.

## An Phríomh-Oifig Staidrimh agus Ollsonraí

- Tá an t-éileamh ar ollsonraí ag méadú gan staonadh ó 2015 agus chun freastal ar an éileamh sin rinne an Oifig forbairt ar fhoinsí sonraí atá ar fáil cheana, lena n-áirítear foinsí sonraí tánaisteacha – sonraí riaracháin agus ollsonraí. Táthar ag díriú go dtí seo ar rochtain a fháil ar bhailiúcháin sonraí riaracháin agus a gcáilíocht a fhorbairt.
- Mar gheall ar thabhairt isteach an RGCS in 2018, b'éigean roinnt athruithe a dhéanamh ar nósanna imeachta na hOifige maidir le sonraí a fháil agus a rialú. D'fhorbair an Oifig struchtúir rialachais lena ngabhann rialacha, beartais, nósanna imeachta agus uirlisí chun tacú lena cuid gníomhaíochtaí sa réimse sin.

## An Phríomh-Oifig Staidrimh agus Rannpháirtíocht leis na hÚsáideoirí

- In 2016, d'fhorbair an Oifig straitéis chumarsáide faoinar bunaíodh preasoifig, faoina ndearnadh athbhrandáil ar an eagraíocht agus faoinar bunaíodh clár caidrimh leis na meáin. Tá méadú tagtha ar an úsáid a bhaineann an eagraíocht as uirlisí léirshamhlaithe agus feidhmchláir úsáideora agus forbraíodh stíl nua grafaice faisnéise chun tacú le cur i láthair na dtáirgí staidrimh.
- Sheol an Oifig réiteach cianrochtana maidir le micreashonraí do thaighdeoirí in 2017. Déantar gach rochtain do thaighdeoirí ar Chomhaid Micreashonraí Taighde a rialú san Oifig trí Thairseach Sonraí Taighde.

## Tosaíochtaí na Príomh-Oifige Staidrimh

- Bunaíodh rannán nua Comhshaoil agus Aeráide san Oifig in 2015 agus rinneadh leathnú nach beag ar na táirgí sa réimse sin, agus cuid acu bunaithe ar shonraí riaracháin.
- Bunaíodh an Rannóg Ioncaim, Tomhaltais agus Rachmais de chuid na hOifige in 2017 agus is ar an rannóg sin atá an fhreagracht as sraith táscairí sóisialta a fhoilsiú chun táscairí maicreacnamaíocha a chomhlánú.

41 Leis an tSamhail Chineálach Staidrimh um Phróisis Ghnó, déantar tuairisciú agus sainiú ar na próisis ghnó atá riachtanach chun staidreamh oifigiúil a sholáthar. Le haghaidh tuilleadh faisnéise téigh chuig https://www.cso.ie/en/methods/gsbpm/

# Aguisín 5

## Baill an Bhoird Náisiúnta Staidrimh

### Anne Vaughan, Uasal (Cathaoirleach)

Bhí Anne Vaughan ina Leas-Rúnaí sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí mar a bhí ag an am ar feadh beagnach 8 mbliana, áit a raibh sí freagrach as forbairt beartais agus seachadadh seirbhíse maidir le híocaíochtaí do dhaoine in aois oibre. Mar Leas-Rúnaí, bhí fócas faoi leith aici ar shaincheisteanna rialachais. Chuaigh sí ar scor in 2018. Le linn a gairme 38 bliana sa státseirbhís d'oibrigh sí freisin sa Roinn Airgeadais agus i Roinn an Taoisigh. Tá spéis ar leith ag Anne i mbeartas pinsean agus bhí sí ina ball den Údarás Pinsean. Tá sí ina ball den Choimisiún ar Phinsin, agus den Choimisiún um Chánachas agus Leas. Is céimí de chuid Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (COBÁC), Coláiste na Tríonóide agus Scoil Ghnó Smurfit ChOBÁC í Anne. Tá M.Sc. in Anailís na hEarnála Poiblí aici.

### An Dr Eimear Cotter

Ceapadh Eimear Cotter mar Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) i dtosach le freagracht as an Oifig um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil in 2017. I láthair na huaire tá sí ina Stiúrthóir ar an Oifig um Fhianaise agus Measúnú. Tá raon leathan taithí ag Eimear maidir le tacú le cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise i gcosaint an chomhshaoil, athrú aeráide, fuinneamh inbhuanaithe agus inbhuanaitheacht ag úsáid taighde, staitisticí, samhaltaithe agus anailíse beartais. D'oibrigh sí roimhe seo san EPA agus in Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann. Tá PhD ag Eimear sa cheimic atmaisféarach ó Ollscoil Oxford, MBA ó Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit ChOBÁC agus BA (Mod) sna hEolaíochtaí Nádúrtha ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Comhalta Eisenhower 2019 í.

### An tUasal Gerard Brady

Is é Gerard Brady an Príomh-Eacnamaí ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), an grúpa ionadaíoch gnó is mó in Éirinn. Cuimsíonn a ról anailís rialta ar shaincheisteanna eacnamaíocha do lucht gnó, múnlú seasaimh bheartais eacnamaíocha, cánach agus fhioscacha IBEC agus comhairle a thabhairt do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí earnála. Tá sé ina bhall reatha ar an mBord Náisiúnta Staidrimh chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh ar ghnó na hÉireann i roinnt fóram eacnamaíoch agus cánach idirnáisiúnta cosúil le *Business at the OECD* (BIAC) agus *Business Europe*. Sula ndeachaigh sé le IBEC in 2013, d'oibrigh Gerard mar Léachtóir le hEacnamaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Is buaiteoir roimhe seo é ar dhuais Miriam Hederman O'Brien a bhronn an *Foundation for Fiscal Studies*.

### An tUasal John Martin

I láthair na huaire tá John Martin ina Chathaoirleach ar an gComhairle Chomhairleach um Mhargadh Fostaíochta de chuid an Rialtais. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Fhostaíocht, Saothair agus Gnóthaí Sóisialta ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) ó 2000 go tús 2013. Chlúdaigh a ról mar Stiúrthóir obair OECD ar shláinte agus ar imirce idirnáisiúnta freisin. Chuaigh John Martin isteach san OECD in 1977 agus bhí go leor post aige san Eagraíocht le linn a thréimhse 36 bliain, ina measc sa Roinn Eacnamaíochta. I measc na bhfreagrachtaí gairmiúla eile tá: Comhalta Taighde de chuid an Institiúid Eacnamaíochta

Saothair (IZA) in Bonn; Comhalta Taighde Taca, Institiúid Geary um Bheartas Poiblí i gCOBÁC; ball de *"Conseil d'orientation pour l'emploi"* de chuid Phríomh-Aire na Fraince ó 2005 go dtí Eanáir 2017; ball de Chomhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Mhúin sé eacnamaíocht in ollscoileanna i mBaile Átha Cliath, Oxford, Buckingham agus i bPáras. Tá MA aige ó COBÁC agus MPhil ó Oxford.

## Eithne FitzGerald, Uasal

Is eacnamaí í Eithne Fitzgerald a rinne speisialtóireacht ar bheartas sóisialta agus ar shaincheisteanna míchumais. Ba í Ceannasaí Beartais agus Taighde í leis an Údarás Náisiúnta Míchumais go dtí 2016, agus bhí sí ag léachtóireacht roimhe sin i mBeartas Sóisialta in COBÁC agus Coláiste na Tríonóide agus is iar-Aire Stáit í a d'oibrigh i róil maidir le beartas eacnamaíochta. I measc a cuid foilseachán taighde tá obair ar fhostaíocht, tithíocht, leas sóisialach, réamhaisnéisiú, portráidí staidrimh agus táscairí. Bhí sí ina ball de roinnt sainghrúpaí beartais lena n-áirítear an Coimisiún um Leas Sóisialach, agus an grúpa 'Cinntiú Gur Fiú an Obair an Luach Saothair, agus d'oibrigh sí ar bhord na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

## An tUasal John Shaw

Is é John Shaw Ard-Rúnaí Cúnta i Roinn an Taoisigh é le freagracht as an Rannán Eacnamaíochta. Ó 2012 go Meán Fómhair 2016 bhí sé ina Ard-Rúnaí Cúnta a bhí freagrach as Beartas Sóisialta, Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, agus Gnóthaí Corparáideacha sa Roinn. D'oibrigh sé roimhe sin i raon réimsí ar fud Roinn an Taoisigh, chomh maith leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Tá Baitsiléir i Staidéar Gnó aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Dioplóma i Staidéar Dlí ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC).

## An tUasal John McCarthy

Is é John McCarthy an Príomh-Eacnamaí sa Roinn Airgeadais é agus tá freagracht air as an Rannán um Bheartas Eacnamaíochta. Bhí sé ina eacnamaí sinsearach roimhe sin sa Roinn i gceannas ar an aonad anailíse maicreacnamaíche. D'oibrigh sé sa Roinn ar shaincheisteanna maidir le beartas eacnamaíoch baile agus fioscach. Ar leibhéal an AE bhí sé ina leas-bhall den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais ar feadh roinnt blianta, lena n-áirítear blianta na géarchéime. Tá sé ina bhall den Choiste um Bheartas Eacnamaíoch de chuid an OECD agus de Bhord Maoirseachta do Sheirbhís Eacnamaíoch agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann. Bhí sé ina eacnamaí sinsearach sa Bhanc Ceannais sula ndeachaigh sé isteach sa Roinn.

## An tUasal Pádraig Dalton (comhalta de bhrí oifige)

Ceapadh Pádraig Dalton i ról an Ard-Stiúrthóra ar an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ag deireadh mhí na Bealtaine 2012. Is staitisteoir gairme é Pádraig a chuaigh isteach san Oifig i mí na Samhna 1991 mar Staitisteoir. D'oibrigh sé i Staitisticí Gnó Struchtúracha, Modheolaíocht Staitistiúil agus Comhardú na nÍocaíochtaí idir 1991 agus 2001. Sa bhliain 2001 ceapadh Pádraig mar Staitisteoir Sinsearach i Rannán an Mhargadh Fostaíochta agus an Chuimsithe Shóisialta. Idir 2007 agus 2010 bhí Pádraig ina Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Nuálaíocht Staidrimh agus ina Ard-Stiúrthóir Cúnta ar Staitisticí Sóisialta agus Déimeagrafacha ó Mheán Fómhair 2010 go Bealtaine 2012. Tá Pádraig ina bhall de Choiste an Chórais Staidrimh Eorpaigh (ESSC) a sholáthraíonn treoir ghairmiúil don Chóras Staidrimh Eorpach (ESS) chun staitisticí Eorpacha a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

**Arna fhoilsiú ag an mBord Staidrimh Náisiúnta**
**Suíomh Gréasáin:** www.nsb.ie
**R-phost:** nsb@cso.ie

0014005 NSB Statement of Strategy 2021–2026 IRI